And many of the people also fell at their hands.

Section 15

Is and trá atraacht Nuagel ingen Ergi .i. ben Geirg,

Is ansin tráth (a) d'éirigh Nuagheal, iníon Erce, bean Gheirg,

Then Nuagheal arose, the daughter of Eirc, *she who was* the wife of Gearg,

ocus dorat a trí fóidi ferggacha guil esti,

agus chuir (sí) a trí faí feargacha goil aisti,

and she raised her three bitter cries of grief,

ocus ro gab cend a fir ina hucht.

agus ghabh (sí) ceann a fir ina hucht.

and she took the head of her man into her lap.

“Dar [*read* Darm *or* Dar mo] brethir ém,” ar sí, “is mór in gním gillai

“Dar mo bhriathair ámh,” ar sí, “is mór an gníomh giolla

“Truly,” said she, “a great deed do I reckon

doringni Brod

a rinne Brod

that deed which *the servant* Brod hath wrought,

.i. Gerg do marbad ina thig féin.

.i. Geirg a mharú ina theach féin.

in that he hath slain Gearg in his own palace.

Is sochaide trá,” ar sí, “bias icot chainiud,	Is sochaí tráth,” ar sí, “a mbeidh ag do chaoineadh,	And many,” said she, “will lament thee;
ocus cia ro thuttis im changin t’ingini,	agus cé gur thit tú um chaingean d’iníne,	and though it was in thy daughter’s quarrel that thou art fallen,
mór n-ingen irraba féin chardes [<i>perhaps read irraba chardes frit féin</i>].”	(is) móir iníon a raibh i gcairdeas leat féin.”	many were the maidens to whom thou thyself were dear.”
Ocus dorat a thesta for aird, ocus doringni rand tosaig laide:	Agus thug (sí) a theasta ar aird, agus rinne (sí) rann tosaigh laoi:	And loudly she gave testimony of this, and thus she commenced her lay:—
“Is sé Gerg so ina ligi, is tria chin a ingini, is triana cin atá sund in tarbech sínte comlund.	“Is é Gearg seo ina luí is trí chion a iníne, is trína cion atá ansan an tairbheach sínte comhlann.	“Gerg is this who lies here. Through the fault of his daughter it is, through her fault is he here, the magnificent one, struck down in the battle.
Mór in comlund ro gab Gerg, óclaéach [<i>read óacláech, three-syllables</i>] find fæborderg, fer fial fomórda ferda aircech álainn ardergna.	Mór an comhlann a ghabh Gearg, óglach fionn faobhardearg, fear fial formhórga fearga airgtheach álainn ardéargna.	Great was the war that Gearg undertook, a young warrior, fair, with crimson blade, a man noble, magnificent, manly, expert, handsome, truly wise.
Ca læch rop fherr inna Gerg? ca fróech na fíged fri feirg? ca slúag na cáinfed do bás?	Cén laoch ab fhearr ná Gearg? cén fraoch nár fhiuch le fearg? cén slua nach gcaoinfeadh do bhás?	Who is the hero that was better than Gearg? What heather did not boil with wrath? Where is the host that would not lament your death?
cen tlás na scáilfea [<i>read scáilfed</i>] dot eís?	cén tlás nach scaoilfeadh dod éis?	that would not break out into lamentation for you without ceasing?

Sáeth lim th'fhégad it lige,
a Geirg álainn fhoiltbuidé,
a chara na cuan in cech than [*one syllable too many, maybe na should be deleted*],
is trúag lim-sa do marbad.

Romaind duit i n-Glind Gerg [*one syllable too few*],
ic Loch Áne is ic Irard,
is ic na huaranaib se thess,
mór m-ban fóúarais cardes.

Ro bat cara do cech cléir,
no bíd cách icot ógréir,
ba maith rí cách do gráibri,
is derb ropat degairle (no derganle) [*written above in Ms.*].

Ropat móra do berta,
ropat ségaind airechta,
ropat rí rurech corrath,
ropat fuilech i fírchath.

Ropo mór do thech ro fess,
cia doringned and t'amles,
is and rot gæt inn inud rí,
cia doringned rop anfir.

Saoth liom d'fhéachaint id luí,
a Gheirg álainn foltbhuí,
a chara na gcuaineanna is cách ann,
is trua liomsa do mharú.

Romhainn duit i nGleann Geirg,
ag Loch Áine is ag Irard,
is ag na fuaráinse theas,
mór ban a bhfuair tú *a* gcairdeas.

Ba cara (tú) do gach cléir,
bhíodh cách ag d'óghréir,
ba mhaith le cách do dea-fhocal,
is dearbh ba leo do dheachomhairle.

Ba mhór iad do bhearta,
ba shéaghainn iad d'aireachtaí,
ba rí ruire tú go rath,
b'fhuilteach thú i bhfíorchath.

Ba mhór do theach, *b'iomráiteach*,
cé gur rinneadh ann d'aimhleas,
is ann do ghoin in ionad rí
cé gur rinneadh *éagóir*.

Sorrow for me to see you on your bed of death,
O beautiful, fair-haired Gearg,
O friend of hosts at all times,

sad it is for me that you are dead.

Before us in Gleann Geirg,
by Loch Áne and by Irard,
and by those springs in the south lands,
many were the women whose love you found.

You were a friend to every host;
each was obedient to your will;
dear to each was your friendly word;
it is certain that you were a good counsellor.

Great were your legal sentences,
stately your assemblies.
You were a king who showed kindness to your
lords, you were bloody in real war.

Your house was great and well known,
though therein befell your wound;
there has he killed you in the place of the king;
although it has been done, yet it was
blasphemous.

Rot gæt Brod is ní ro dlig,
cor gab triut in Airidig,
tú féin is do gilla thair
inn oenfhecht darochrabair.

Mór gním gillai [*read* in gním gillai] cangess

doringni Brod, rop amles,
marbad rígginne ré ré,
ro marb sé sinni ocus sé.”

Do ghoin le Brod níor dhlig (í)
gur ghabh tríot agus in Airideach,
tú féin is do ghiolla thoir,
in éineacht a thorcair sibh.

Mór gníomh ghiolla gan geis,

rinne Brod *rud ab* aimhleas,
marú rí roimh a ré,
mharaigh sé sinne agus é.”

Brod has slain you and it became him not
so that through you he thrust through Airideach,
you yourself and your servant thus
at one time are fallen.

Great was the deed of the servant though an
impious one—
what Brod has done was a mischief—
to slay a king of kings before his time.
He has slain us and him.”

Section 16

Foropairset dana dá mac Geirg béus

.i. Cobthach Cnesgel ocus Cond Coscarach ar
gabail in dúnaid

ocus ní roscandir cen échta dóib.

Ní ro dāmair in mórbrígg do Mani bith ina thost

cen techt féin do digail a chlemna for Ultaib.

Chrom dhá mhac Geirg

.i. Cobhthach Cneasgheal agus Conn
Coscrach, ar ghabháil an dúin

agus ní *raibh* buachan orthu gan éachta
dóibh.

Níor lig an mhórbhrígg do Mhaine bheith ina
thost

gan teacht é féin do dhíoghail a chliamhain ar
Ultaigh.

Now after these things had been done the two
sons of Gearg,

namely Cobhthach of the fair skin and Conn
the victorious, strove to hold the castle,

and deadly was the fight that was fought
before they gave way.

Nor did the might of Maine permit him to bide
still in his place,

or to hold back from avenging his father-in-
law against the men of Ulster.

Ocus atraacht iarsin ocus ro gab a sciath mór míleta fair	Agus d'éirigh (sé) iar sin agus ghabh (sé) a sciath mhór mhíleata air,	He arose, and he took his great battle-shield upon him,
ocus a da shleig slemungéra uillendcha móra ina láim,	agus a dhá shleá sleamhainghéara uilleannacha móra ina lámh,	and his two *great* smooth sharp angular spears into his hand,
ocus a chlaideb trom tortbuillech crúadgér comramach for a chriss.	agus a chlaíomh trom tortbhuilleach cruaghéar comhramhach ar a chríos,	and his heavy, hard-striking, sharp, triumphant sword at his belt;
Ocus atraactatar a thrí coicait in oenfhecht fris.	agus d'éirigh a thrí chaogaid in éineacht leis.	and three times fifty of his comrades rose together with him.
Nir bo irusa a fhrithalim,	Níor fhurasta *é* a fhríotháileamh.	It were no easy thing to restrain him;
ba mór in toilg menman ocus aicnid ocus in tinsaitin úalli	Ba mhór an teann meanman agus aigne agus intinne agus uaille	the mind and the nature of each of these heroes was swollen with pride,
ro bóí i cridí cechóen dib-sin.	a bhí i gcroí gach aon de na laochra sin:	which was in the hearts of every one,
Ro bóí dana sant mór ocus duthracht calmaí do denam occu.	bhí saint mhór agus dúthracht chalma a dhéanamh acu.	greatly they longed and desired to do some doughty deed.
Bá ségda súaire sobesach in rígmacc bóí rompu,	Ba shéaghainn suaire sobhéasach an rímhac (a) bhí rompu,	Stately, love-worthy, and of gallant bearing was the king's son that went before them;
ocus ciar bo maccoem iar n-áis	agus cé gurbh macaomh (é) iar n-aois,	though to the eyes of an older man he seemed but a boy,
ropo mílid iar mórgasciud.	ba mhíle (é) iar mórghaisce.	he showed himself afterward to be a warrior of great valour.

Ba halgen curmthigi, is ba dúr debtha	Ba háilghean *i* gcoirmtheach is ba dhúr *i* ndeabhaidh (é),	Pleasant was he in the banqueting-hall, and stubborn in the strife;
ocus ba nathir nemi,	agus ba nathair nimhe (é).	he was a snake full of poison;
bá cumnech écraiti,	Ba chuimhneach eagartha (é).	he was wary of the craft of his enemies;
ba óibel ága,	Ba lasair áigh (é).	he was the flame of war;
bá comnart comergi,	Ba chomhneart comhéirí.	he was a fit match for a foe that rose up against him;
ba logthanach sét,	Ba soicheallach séad (é).	he was liberal with his treasure;
ba hanaccarthach imгона,	Ba hain-charthach um ghonta (é).	he could show compassion to the wounded;
ba tene aradna,	Ba tine in aghaidh tarcaisne (é).	he could blaze up at an insult;
bá nertlia fergi,	Ba neartlia feirge (é).	he stood like a pillar of rage;
ba tond bratha ar buirbe,	Ba tonn bhrátha ar bhoirbe (é).	he was a wave of judgement on ignorance;
bá iarú ar athlaimi,	Ba iora ar athlaimhe (é).	he was swift as a squirrel;
ba dair ar daingni,	Ba dair ar dhaingne (é).	he was steadfast as an oak;
ba hé rind ága agus imгона na teora Connacht,	Ba hé rinn áigh agus imghona na dteora Connacht,	he was the head of the three provinces of Connacht in battle and wounding;

ocus ba hé a cendmíl airechta agus a lám thairberta sét	agus ba hé a gceannmhíle aireachta, agus a lámh thabhartha seod,	he was their chief in assemblies, their distributor of treasure,
ocus a sodomna rí.	agus a sodhamhna rí.	and their good material for *an accomplished* king.

Section 17

Nir bo miad leis nech isin domun	Níor mhiadh leis neach sa domhan	He held it to be dishonourable that any man at all in the world
do thiahtain fo chomlín	teacht faoi chomhlíon *fear*	should come with numbers great as his own
do gabáil tige fair.	*le haghaidh* ghabháil tí air.	and take the house where he was;
Ro thaffniset iarum iarsin na Fomórchu on tig immach.	Thafainn siad iar sin na Fomhóraigh ón teach amach.	therefore he and his warriors chased the Fomorians, and they drove them from the palace.
Nir bo lám lega la Mani inn uair sin.	Ní lámh lia [a bhí] le Maine an uair sin,	In that hour the hand of Maine was not the hand of a healer,
Ocus dorochratar nonbur Fomorach dia chétscondscli a oenur.	agus thorchair naonúr Fomhórach dá chéad- choinscleo aonair.	for nine of the men of the Fomorians fell at his first attack.
Is andsin doriacht dibergach na hAsia Móiri .i. Fabric Fiacaíl Nemi fri cnes na debtha,	Is ansin a shroich díbheargach na hÁise Móire . i. Faibhric Fiacaíl Nimhe le cneas na deafa,	And then to the front of the fight came the pirate of Greater Asia—even Faibhric of the venomous tooth;

ocus ro gab sroigled oculus essorcoin oculus brúd ocus básugud in t-shluaig remi,	agus ghabh ag sraoilleadh agus ag <u>greadadh</u> agus ag brú agus ag bású an tslua roimhe.	and upon the press of people that were before him came blows, and destruction, and confusion, and death;
ocus ní ragbad riss corrocht cosin magin i m- bái Mani,	Agus ní thángthas roimis go shroich (sé) an maighean ina raibh Maine,	nor could any resist him till he came to that part *of the battle* where Maine was.
co tard cechtar n-ái díb sciath fri sciath dia cheli,	go dtug ceachtar díobh sciath le sciath dá chéile,	Then both set shield against shield,
ocus bátar isin chomlund co n-dechaid dar medon aidchi,	agus bhíodar sa chomhlann go ndeachaigh thar meán oíche.	and they strove with each other in a strife that lasted till the middle of the night;
ocus dorat Fabric tri gona aidbli for Mani,	Agus thug Faibhric trí gonta ábhala ar Mhaine,	and Faibhric dealt Maine three grievous wounds,
ocus ro dichend Mani esium iar scís chomluind.	agus dhícheann Maine eisean iar scís chomhlainn.	and Maine smote the head off him after that he had grown weary in the strife.
Cid Conchobar dana bá gal churad leis,	<u>Maidir le</u> Conchobhar, bhí gal churaidd leis,	And as to Conchobhar, the might of a hero was his,
ar dorochair tricha læch lánchalma leis do muntir Geirg	ó thorchair tríocha laoch lánchalma leis do mhuintir Gheirg,	for at his hand fell thirty valiant men of the people of Gearg,
imma mac .i. im Chond Coscarach.	ina measc a mhac .i. Conn Coscrach.	among them fell the son of Gearg, even Conn the victorious.

Ro immir trá in slúag cechtarda immfórrán for a cele,	D'imir an slua ceachtar imfhórrán ar a chéile.	Thus on either side the army rushed to the attack;
is bec na ro chomraicset mera a coss icond imthuarcaín.	Is beag nár chomhraic siad méara a gcos ag an dtuargaint.	almost it seemed that the toes on their feet warred together in the strife.
Ro siacht fuil glúni fer sechnón in dúnaid.	Shaigh fuil glúine fear seachnón an dúin.	Throughout the fort the warriors stood knee deep in blood,
Atchlos fon trichu chét ba nesom dóib blobemnech [<i>read</i> blogbemnech] na sciath ocus na bocote	Chualathas faoin tríocha céad ba neasa dóibh bloghbhéimneach na sciath agus na mbocóidí,	and through the surrounding country was heard the splintering of the shields and the bucklers,
ocus scemgal inna laigne lethanglas	agus sceamhaíl na laighne lethanglas	and the whirr of the broad green lances,
ocus na claideb crúadgér icomrac	agus na glaíomh cruaghéar i gcomhrac,	and the clash of the sharp hard swords in the encounter,
ocus briscbrúar na clocend ica n-erlech	agus brioscbhruar na gcloigeann ag a n-eirleach,	and the shattering of skulls in the slaughter,
ocus búridach na míled ic immirt écomlaind forru.	agus búireach na míl ag imirt éagomhlainn orthu.	and the cries of the warriors who were overcome in a strife *that was greater than they could endure*.

Section 18

Ro socht trá Mani iar n-díth na Fomorach co Fácen mac n-Dublongsig	Shroich Maine, iar ndíth na bhFomhórach, go Faicean mac Dubhloingsigh,	Now, after the death of the Fomorians, Maine met Faicean, the son of Dubhloingseach,
co m-bátar fri ré cían icathugud. Dorochair Facen de-side.	go rabhadar le cían i gcathú. Thorchair Faicean de sin.	and for a long time they fought, and Faicean fell at the end of that fight.
Dorochair dana Siaburchend mac Slisremuir ra Cobthach Cnessgel mac Geirg.	Thorchair dano Siabhaircheann mac Slisreamhair le Cobhthach Cneasgheal mac Geirg.	Also at the hand of Cobhthach the fair- skinned, who was the son of Gearg, died Siabhairrcheann, the son of Slisreamhar.
Ocus ro tafned Mani ocus Cobthach iarsin issin rigthech	Agus tafnaíodh Maine agus Cobhthach iar sin sa rítheach,	But Maine and Cobhthach were forced into the royal palace
iar cor áir a muntire,	iar chur áir a muintire,	after their people had suffered defeat,
ocus ro gabsat co setrech ocus co ferda in tech co mmatain	agus ghabhadar go séitreach agus go fearga an teach go maidin,	and they held that palace bravely and manfully till the morning,
ocus ní deochas forru ind.	agus ní dheachthas orthu ann.	nor could any enter in of those who fought against them.

Section 19

Is i n-deriud na haidchi sin

dochuid in ben chétna adfét na scéla do
Chonchobur,

co rocht co Meidb áit i m-bái ina cotlud ina
himdáí i Cruachan Aí,

co n-erbairt fria:

“Dia m-beth fastini ocut,” ar si, “a Medb,

ní bad chotlud dogenta.”

“Cid andsin?” ar Medb.

“Ata Conchobar,” ar si, “oc gabáil ar Mani

ocus dofáeth leis Mani,

ocus eirg-siu innossa ocus non-dígela.”

Is i ndeireadh na hoíche sin

chuaigh an bhean chéanna a d’inis
scéala do Chonchobhar,

gur shroich (sí) Meadhbh, áit ina raibh
(sí) ina codladh ina hiomdha i
gCruachan Aí,

go ndúirt (sí):

“Dá mbeadh fáistine agat,” ar sí, “a
Mheadhbh,

ní codladh a dhéanfá.”

“Cad *atá* ansin?” ar Meadhbh.

“Tá Conchobhar,” ar sí, “ag gabháil ar
Mhaine

agus titfidh leis Maine,

agus éirighse anois agus déan é a
dhíoghail,”

At the end of this night,

the same woman who had brought the message to
Conchobhar went on her way,

and came to Meadhbh, where she lay asleep on her
couch at Cruachan Aí,

and thus she addressed her:

“Hadst thou the gift of prophecy, O Meadhbh,” said
she,

“thou wouldest not be sleeping.”

“What then hath happened?” said the queen.

“Conchobhar,” said the woman, “hath all but gained
the victory over Maine,

and Maine shall fall at his hand.

Arise, and thou shalt avenge him.”

Ocus dorat rand tosaig laide,
ocus ro recair Medb triana cotlud:

[Badb:]
“A Medb ca cotlud dogní,

in fetar cinnas atái?
diansat fissid fáth imne [*read* fissid fáthsine],
ropad mithig duit eirge.”

[Medb:]
“A bé bán bulid collí,
ca scél uathmar innisi?
cata námait dothæt and?
cia halt doine? cia n-anmand?”

[Badb:]
“Conchobar cend na curad,
ardrí ilbuadach Ulad,
ní damair a bruth no fherg [*read* no fheirg],
co ro thogla innocht for glend .g. [*read* Glend
Geirg, *with deletion of for*]”

agus rinne (sí) rann tosaigh laoi,
agus d’fhreagair Meadhbh trína
codladh:

An Bhadhbh
“A Mheadhbh, cén fáth a dhéanann (tú)
codladh?
an feadar conas ataoi?
dá mba fhios duit fáth imní,
do ba mhithid duit éirí.”

Meadhbh
“A bhé bán bhláfar go lí,
cén scéal uafar (a) insíonn tusa?
cad as a tháinig mo namhaid?
cén saghas daoine? cad *iad a* n-
ainmneacha?”

An Bhadhbh
“Conchobhar ceann na gcuradh,
ardrí ilbhuach Uladh,
ní shrianann (sé) a ghal ná a fhearg,
gura thoghla anocht Gleann Geirg.

Then she made the first lines of a poem,
and Meadhbh, while she slept, replied to her:—

The Badhbh.
“O Meadhbh, why lie you in sleep?

Do you know how it is with you?
If you be skilled in prophecy
it should be time for you to arise.”

Meadhbh.
“O white lady, fair with brilliancy,
what is this dreadful tale that you tell me?
Who are the foes that have come hither?
What is the condition of the men? what their names?”

The Badhbh.
“Conchobhar, the head of heroes,
the much-conquering, high king of Ulster,
holds not back his ardour and fury
that he may destroy Gleann Geirg to-night.”

[Medb:]

“Cia bail itá Gerg is Mani [*The syllable number requires that only s is spoken for is*]?
na fuilet i n-oenbali?”

ma tát ní hassa a togail
do lucht tigi Conchobair.”

[Badb:]

“Mani cid mór a menma
im fhebas a degdelba,
ní ba leiss commus a chind
da thurus innocht don glind.”

[Medb:]

“Mad dia marbthar Mani mór,
bid díth cethern, bid ár slóg,
atresat curaid fri gail
iter Chruachain is Emain.”

[Badb:]

“Érig is digail do mac,
tinóil cóiced Ólnécmacht,

snaidfea na sluagu co serb,
mad dia n-erge innossa a Medb.”

Meadhbh

“Cén áit ina bhfuil Gearg is Maine?”

nach bhfuil siad in aonbhaile (.i. *san áit chéanna*)?

má táid ní furasta a thoghail
do lucht tí Chonchobhair.”

An Bhadhbh

“Maine, cé (gur) mór a mheanma,
i bhfeabhas a dhea-dhealbha,
ní ba leis cumas a chinn,
dá thuras anocht don Ghlinn.”

Meadhbh

“Má dá maraítear Maine mór,
beidh díth cheithearn ar ár slua,
éireoidh siad curaidh le gail,
idir Chruachain is Eamhain.”

An Bhadhbh

“Éirigh is díoghail do mhac,
tionóil cúige Ól Éagmacht,

snoífidh [tú] na sluaite go searbh,
dá n-éiríteá anois, a Mheadhbh.”

Meadhbh.

“Where is the place where Gearg and Maine are?”

Are they not in the same place?

If that be so, not easy is that destruction
for the troops of the house of Conchobhar.”

The Badhbh.

“Though high is the mind of Maine,
on account of the beauty of his handsome form,
he has not the might on his head
for the raid to-night to the glen.”

Meadhbh.

“If great Maine is slain
There will be a slaughter of warriors in our host.
Heroes shall rise in bravery
in Cruachan as well as in Eamhain.”

The Badhbh.

“Raise thyself and avenge thy son,
assemble the province of Ól Éagmacht (*i.e., Connacht*).

Thou shalt cruelly cut asunder troops
if thou awake now, O Meadhbh.”

Section 20

Dúscid Medb iarsin agus dúscis Ailill,	Dhúisigh Meadhbh iar sin, agus dhúisigh (sí) Ailill,	Thereupon Meadhbh awoke, and she waked Ailill,
ocus adfét dó in fíis atchonnaire	agus d'inis (sí) dó an fhís a chonaic (sí),	and she told him of the vision which she had seen;
ocus adfét fon slúag iarsin.	agus a dúirt (sí) don slua iar sin.	and afterwards she recounted it to her people.
“Ní bó fíir ón ém,” ar Bricriu.	“Ní ba fíior sin ámh,” ar Bricre.	“I know well that there is no truth in that story,” said Bricre.
Otchuala Fiannamail mac Fergus [<i>read</i> Ferguso] Fordeirg sin, .i. mac rechtaire na Cruachna,	Ó chuala Fiannamhail mac Fearghais Fordheirg sin .i. mac reachtaire na Cruachna,	But when Fiannamhail, the son of Fearghus Fordhearg, even the son of him that was the steward of Cruachan, heard the news,
ní ro ernaid fri cách, acht luid remi i n-iarmoracht Mani,	níor fhan (sé) le cách ach chuaigh roimhe in iarmhóracht Mhaine,	he waited not for any other, but departed before Meadhbh was ready,
ar bá comalta dósom Mani,	óir ba chomhalta dósan Maine,	for Maine was his foster-brother;
arrop é in t-ochtmad maccóem na Cruachna Fiannamail.	óir dob é an t-ochtú macaomh na Cruachna Fiannamhail.	now the eighth place among the youths of Connacht belonged to Fiannamhail.
Togais Medb lé secht cét fer n-armach	Thogh Meadhbh na seacht *gcéad* bhfear n-armach	Meadhbh selected seven hundred armed men,
anas dech doralá i Cruachain in tan sin.	ba deach a tharla i gCruachan an tan sin.	the best that could at the time be found in Cruachan.

Is andsin doriacht Domnall Derg Drechlethan	Is ansin a <u>tháinig</u> Domhnall Dearg Dreachleathan	Then came Domhnall the Red of the broad countenance,
mac Dubain maic Ingamna,	mac Dubhain mhic Ionghamhna.	the son of Dubhán, who was the son of Ionghamhain;
læch he-side is dech ro bóí ar cúl scéith agus claidib agus gai	Laoch eisean is deach a bhí ar chúl scéithe agus claimhte agus ga	he was the best warrior under shield and sword and spear
i coiciud Chonnacht,	i gcúige Connacht,	to be found in the province of Connacht,
ocus bá comalta díl dana do Mani he-side.	agus ba comhalta díl do Mhaine eisean,	and he also was foster-brother to Maine.
Ocus dochuaid issin sligi cétnai ria cach,	agus chuaigh (sé) sa slí chéanna le cách.	And he followed on the track *of Fiannamail in front* of all the others;
tricha láech dana ba hed a lín, agus Domnall ainm cech fhir díb.	Tríocha laoch ba ea a lín, agus Domhnall ainm gach fir díobh.	thirty warriors had he with him, and the name of each one of them was Domhnall.
Imthigis dana Medb iarsin ina réim ina n-díaid.	D'imigh Meadhbh iar sin ina réim ina ndiaidh.	Meadhbh also followed *with her host* behind *Domhnall and his men*.
Aslingi Medba connice sin	Aisling Mheadhbha go nuige sin	Thus far runs the tale of the Vision of Meadhbh,
ocus turtheda himthechta.	agus tucaid a himeachta.	and the cause of the war that she made.

Section 21

Imthús immorro Mani thair.	Iomthúsa Mhaine thoir,	Now we return to tell *of the doom* of Maine.
Ro gab ina chind co maethtráth éirgi arnabarach,	ghabh (sé) i gceann an dúin go maoththráth éirí gréine arna mhárach,	He held *the fort* till the soft dawn; and pleasant was the dawn of the day;
ocus nir bo shám-subach sadail ro cathed ind adaig sin eturru maróen.	agus níor sámh súmhar sáil a caitheadh an oíche sin, idir é agus a naimhde.	but no cheerful or pleasant rest for him and his foes had been found that night.
Óman-acca dóib ri suilsi ind lái	Ó chonaic dóibh [<u>a chéile</u>] le soilse an lae,	And when those two warring hosts saw *each other* by daylight,
ro chumnig cách a anfolaid dia cheli,	chuimhnigh cách a anfhala dá chéile,	they bethought them anew of their quarrel, each of them desiring to do each other hurt,
ocus forópair Conchobar ar gressacht a muntire.	agus chrom Conchobhar ar dhreasú a mhuintire.	and thus began Conchobhar to urge on his followers:
“Diamtís Ulaid,” ar se, “no betis immalle frim-sa,	“Dá mba Ulaidh *na fir seo*,” ar sé, “bheidís maille liomsa,	“Had it been Ulstermen that I had with me,” said he,
ní fuléngtha in cath amal fhuilngithir d’Fhomórchaib.”	ní fhulaingeodh an cath amhail (a) fulaingíodh (é le) Fomhóraigh.”	“this battle would not have been fought in such fashion as it hath been by the Fomorians.”
Ro drebaing [<i>read</i> Ro drebraing] gal i m- brunnib na Fomorach don gressacht mór sin	Dhréim gal i mbroinní na bhFomhórach don ghreasacht mhór sin,	Courage rose high in the hearts of all the Fomorians as they heard this rebuke,
ocus dos-ratsat co dúr ocus co díchra frisin cathugud,	agus ghabh siad go dúr agus go díochra leis an gcathú,	and stubbornly and vehemently they rushed to the fight,

ocus ní ro ansat de co n-dechatar dar dorsib ind ríghthigi innund.	agus níor stad siad de go ndeachadar thar dóirsí an ríthí anonn.	and they ceased not from it till they had entered through the door of the royal palace.
Ba cóem ém ocus ba hirgna in phelait ríghda i n-dechas and.	Ba chaomh *ámh* agus ba hurghnamh an pálás ríoga ina ndeachaigh (siad) ann.	The palace into which they had come was fair and of great renown;
Ba líach drocharadu furri.	Ba thruamhéileach an droch-chrích [a tugadh] uirthi.	evil and sad was the fate that befell it.
Ro bóí cét mías findargit ocus trí chét do chredumu ocus trí chet do fhinddruini and.	Bhí céad mias fionnairgid agus trí chéad do chré-umha agus trí chéad do fhiondruine ann.	There were therein a hundred tables of silver, and three hundred of bronze, and three hundred of white bronze.
Bátar dana tricha easra	Bhí *iomorra* tríocha easra *ann*	There were, moreover, thirty drinking bowls,
do airgiut oengil Espáine ar borddaib dabach.	d'airgead aonghil *na* Spáinne ar <u>bhéil</u> na ndabhach sin.	with radiant silver from Spain on the rims of the bowls.
Batar dana da cét corn buabail	Bhí <u>iomorra</u> dhá chéad corn buabail	Also there were two hundred drinking horns *made from the horns of oxen*,
co n-imdenam óir ocus argit	*go* n-imdhéanamh óir agus airgid,	with chasings of gold and of silver,
ocus tricha coppán argit ocus tricha coppán créduma, ocus cethracha gagar.	agus tríocha cupán airgid agus tríocha cupán cré-umha, agus ceathracha <i>gagar</i> , [<i>i. saghas cupáin</i>]	and thirty beakers of silver and thirty of bronze.

Imscing linanairt gil	*agus* imscing líonanairte gil	There was a bed-place with fair white linen sheets,
co n-delbaib ingantachaib	go ndealbha n-iontacha	wondrous designs were woven upon them
fri fraigid and.	le fraigh ann.	there, at the wall.
Is andsin immarocht don t-shlúag cehtarda for lár in tigi.	Is ansin a shroich an dá shlua a chéile ar lár an tí.	Then came both those hosts together into the midst of the house,
Ro po díth don t-shlúag co mór andsin.	Bhí díth don tslua go mór ansin.	and much of death befell.
Ro siacht	Shaigh	Then came
Cobthach Cnesgel mac Geirg	Cobhthach Cneasgheal mac Geirg	Cobhthach the fair-skinned, the son of Gearg,
iar slaidi na Fomórach	iar shlad na bhFomhórach	after that he had smitten the Fomorians,
cosin magin i m-bói Berngal Brec	chuig an maighin ina raibh Bearnghal Breac	to that place *in the fight* where Bearnghal the Freckled
ic dicendugud na Connachtach.	ag dícheannadh na gConnachtach.	was *raging* and beheading the warriors of Connacht.
Dofuit Berngal tra la Cobthach iar scís chomlainn.	Thit Bearnghal le Cobhthach iar scís chomhlainn.	And Bearnghal fell by the hand of Cobhtach after becoming weary of battle.

Dorochair dana Buri Borbbriathrach do laim Mani,	Thorchair dano Buiri Borbbhriathrach do lámh Mhaine,	Moreover, *in another part of the fort*, Buire of the Cruel Speech died at the hand of Maine,
ocus ro dased immi iarsin	agus tháinig dásacht uime iar sin,	who then fell into a wild frenzy,
ocus ron-immir for slúag na Fomorach sechnon in tigi,	agus d'imir (sé) ar shlua na bhFomhórach seachnón an tí,	and raged among the Fomorians throughout the palace,
ocus dorochair tricha laech dib leis.	agus throchair tríocha laoch díobh leis.	thirty falling at his hand.
Ótchonnaire in cur cróda cathbuadach Conchobar in laini [<i>read</i> lainni] forsa rabi Mani,	Ó chonaic an curadh cróga cathbhuach Conchobhar an lainne ar a raibh Maine,	But when that valiant hero Conchobhar, the ever-victorious in war, saw the fury of Maine,
ron dírig a dochum ocus ro frithail-seom Mani co fichtha furachair	dhírigh (sé) <u>chuige</u> agus d'fhriotháilsean Maine go fíochta fuireachair,	he turned to meet him, and Maine awaited him, vigilant in his wrath;
ocus bátar fri ré cían icathugud [<i>for</i> ic cathugud],	agus bhíodar le ré cian i gcathú,	and they fought a long time together,
ocus ro brisset nonbor maccoem fo cossaib [<i>for</i> fo a cossaib].	agus bhriseadar naonúr macaomh faoi chois.	and they trampled nine young men under foot.
Teilgis Mani rout n-úrchair co feirg ocus lonnus	Theilg Maine *a shleá* fad urchair go fearg agus lainne	Maine hurled his spear the breadth of a spear-cast with wrath and fury,
co m-bói ina chrois trí Chonchobar.	go raibh (sí) ina chros trí Chonchobhar,	so that it made a cross through Conchobhar.

Ocus cein bóí Conchobar oc béim na sleigi ass,	agus (is) cian (a) bhí Conchubhar ag baint na sleá as,	And as Conchobhar struggled to draw out the spear,
ro gon Mani don mánáis lethanglais bóí ina láim.	ghoin Maine é don manaois leathanghlas (a) bhí ina lámh.	Maine wounded him again with the broad grey spear that was in his hand.
Ocus dodechaid Brod i forithin Conchobair,	Agus tháinig Brod chun fóirithinte Conchobhair	And Brod came up to aid Conchobhar,
ocus ferais Mani tri crechta aidbli fair,	agus d'fhear Maine trí chréachta ábhala air	and Maine fetched him three grievous wounds,
ocus nír bo shétrech comlaind Brod iarsin.	agus níor shéitreach comhlainn Bhrod iar sin	and Brod was after that unfit for war.
Impáis Conchobar iarsin fri Mani	D'iompaigh Conchobhar iar sin ar Mhaine	Conchobhar turned again upon Maine,
ocus ron ecrand do bráthbemmennaib do cech aird	agus ghabh (sé) air do bhráthbhéimeanna do gach aird,	and overwhelmed him with crushing blows, from all directions,
co torchair leis marb cen anmain.	go dtorchair leis marbh gan anam.	so that he fell lifeless and dead.
Ocus forfhopair iarsain ar erlech in t-shluaigimme do cech leith isin tig,	Agus chrom (sé) iar sin ar eirleach an tslua uime do gach leith sa teach,	Then he began to hew down upon all sides the men that were round him,
co torchratar bond fri bond ocus médi fri medi sechnon in tigi.	go dtorchradar bonn le bonn agus muin le muin seachnón an tí,	so that they fell foot to foot and neck to neck throughout the house.

Cid fil and trá acht ní thérna nech i m-bethaid do na tri coicdaib laech dodechaid la Conchobar	ach níor <u>éalaigh</u> neach i mbeatha do na trí chaogaid laoch a ndeachaigh *ann* le Conchobhar	And none of the thrice fifty warriors who came with Conchobhar into that house escaped alive
acht sé féin agus Brod,	ach é féin agus Brod,	save himself and Brod,
ocus cided ón ní slán térnatar.	agus cé gur <u>d'éalaíodar</u> beirt, ní slán (a) <u>d'éalaíodar</u> .	and although these two came out, yet they came not out unhurt.
Tafnis Conchobar Cobthach mac Geirg ón dúnud immach.	Thafainn Conchobhar Cobhthach mac Geirg ón dún amach,	And Cobhthach, the son of Gearg, fled from out of the fort, and Conchobhar chased him.
Ocus i céin ro bóí ina lenmain sechnón in maigi,	agus (is) i gcéin a bhí (sé) <u>á leanúint</u> seachnón na maighe,	And as he followed him over the plain,
dochuaid ind ingen .i. Ferb ingen Geirg	chuaigh an iníon .i. Fearbh, iníon Gheirg,	the maiden, namely Fearbh, the daughter of Gearg, came ame,
ocus bé thastil immalle fria	agus bé thaistil maille léi,	and with her, the messenger maid *who had brought the news of Maine's coming*.
cosin magin i m-bóí Mani ina chróligi fhola	chuig an maighean ina raibh Maine ina chróilí fola,	They came together to the place where Maine lay in his gore,
ocus ina chropartaig,	agus *é sínte*,	a bloody disfigured form;
ocus ro bóí oc derfadaig agus oc mifri.	agus bhí (sí) ag <u>gol</u> agus ag <u>caoineadh</u> .	and she mourned and she wept.

“Dar brethir [*for* Darm brethir] ém,” ar sí,
“ciataí th’oenur innossa,

mór n-aidchi ro bá sochaide.”

Ocus dorat in laid-sea oc tabairt a thesta.

“A gillai is derg do lepaid,
ní dam na déine deccair (?)

olc sén i tanac ótig [*for* ót tig],
bid mana dér rit muntir.

Sochaide dia tartais olc
naidchi [*for* in aidchi] ro ba illongphort,
a maic Medba in murir,
a chulian ard ardenig.

A maic Ailella nach dis,
ní latt in gním ro máidis,

is trúag rim chride is rom [*read* rim?] chlí,
do bith tall it bithligí.

“Dar (mo) bhriathar ámh,” ar sí, “cé go
bhfuil tú id aonar anseo,

(is) mór oíche a bhíodh sochaí leat,”

agus dúirt (sí) an laoi seo ag tabhairt a
theastais:

“A ghiolla is dearg do leaba,
ní dom nach amhra deacair,

olc séan lena dtáinig tú ód theach
beidh mana deor led mhuintir.

Sochaí dá dtáinig *le* holc
an oíche ba i longphort *thú*,
a mhic Mheadhbha an mhuintir
a choileáin ard ardoinigh.

A mhic Ailealla nach dearóil
ní leat an gníomh a mhaígh tú,

is trua lem chroí is lem chlí
tú ’bheith thall id bhithluí.

“Truly,” said she, “thou art lonely now,

yet on many nights, *as I reckon*, thou hast had the
fellowship of many.”

And she sang this lament while she made testimony
for him:—

“O boy, your couch is red
Something difficult to me are the swift slayings
(? *This line is very obscure*)
Evil the sign with which you came from your house.
A token will it be of tears for your kindred.

Many are they to whom you brought evil
in the night, there you were on your couch.
O son of Meadhbh, *queen* of her tribe,
O lofty twig of high honour.

Son of Ailill, who is not weak,
Not of you is the deed that you have boasted for
yourself.
Sad it is for my heart and my body
that you there for ever lie.

A gillai is gastu atchonnac [*read* atchonnarc],
ro pat slatt óir fri hadart,
cia ro bóí do dál ri nech,
rob-í do dál dedenach.

Ropo garb do lám sin chath,
ropot iarsla (?) Fomórach,

mór fúaim do builli fri cend,
sochaide i tanac thimchell.

Ropo shegda suáirc do dath,
ropot cumnech comaltach,
ro pat gasta dar cach glend,
sochaide i tanac thimchell.

Ropo chóir dam-sa sæth dít,
ar ái chomraic cen co richt,
ní lugaite in grád cen chess,
cíd de thic m'amless [*two syllables are missing*].

Is sæth lim in ligi itái,
a gillai-sea a maic Meidbi,
ocus is sæth ram chride,
inti fhuil 'cot urnaide.

A ghiolla is gasta a chonaic (mé)
ba tusa slat óir le hadhairt,
cé go raibh do dháil le neach
ba í do dháil dheireanach.

Ba gharbh do lámh sa chath
b'iarsma Fomhórach thú,

mór fuaim do bhuille le ceann
sochaí a tháinig timpeall.

Ba shuairc do dhath
ba chuimhneach comhallach (thú),
ba ghasa thar gach gleann thú
sochaí a tháinig timpeall.

Ba chóir domsa [bheith] saoth díot
ar chomhrac gan do riocht,
ní lú an grá gan cheas
cé gur thagann m'aimhleas de.

Is saoth liom an luí ataoi,
a ghiollasa a mhic Mheadhbha,
agus is saoth lem chroí,
an té 'fuil go d'fhionraí.

O boy, the most dexterous that I have seen,
Thou were a rod of gold on the cushion.
When also thy meeting with any one took place
it was yet this—thy last meeting.

Your hand was rough in war,
you were '*a survivor?*' — *the term used is unclear*) of
the Fomorians.
Great was the thundering of your blows on the head,
Many were the men upon whom you fell.

Your colour was beautiful, *lovely*,
You were mindful, fulfilling your duty,
You were light over every valley.
Many were the men upon whom you fell.

Fitting for me was sorrow for you
on account of our meeting, though it came not to that.
Not less on that account my love, without lamentation
even if from you my ill luck springs.

It hurts me that you lie here
O my lad, O son of Meadhbh,
and it hurts my own heart
the same fate that awaits you.

Rop annam lat bith cen t'arm,
nó conotarla [*for* conot tarla. *The line has one syllable too many*] is tu secmarb,
co rot gæt in gai glan-gle,

is co rot tregd araile.

'S corot letar claideb crúaid,
's coro shil bróen fola dar grúaid,
's coro gabsat immut uli,
roptar athig oenchuri.

Uch cid ro batar dam-sa,
na ro fhegsat ardinsa?
mo lennán mo thoga tréoit
is m'fher dingbala degséoit.

Is m'er [*for* mo fher] dingbala frim lá,
Mani mor mac Ailella,
ba marb-sa da ingnais de,
cen co ti-sium dam aire.

A bratt corcra inn inud rí,
is mór dom-ber i n-imshním,
dar eis [*read* dar a eis?] nir gab nech úad,
o ro gab armu d'iomlat.

B'annamh leat bheith gan d'arm
nó go dtarla is tú seach marbh,

gur ionat ghabh an ga glan glé

is gur ionat treghd araile.

'S gur leadradh tú le claíomh crua
's gura shil braon fola thar do ghrua,
's gura ghabh siad umat uile,
a bhí ina n-aithigh aonchuire.

Och, cad a bhíodar domsa
nár fhacadar aon neach eile?
mo leannán mo thogha tréada
is m'fhear diongbhála dea-seoid.

Is m'fhear diongbhála lem lá
Maine Mór mac Ailealla,
marbh mise dá íonais de
gan eisean dom aire.

A bhrat corcra in ionad rí
is mór dom beir in imní,
tar (a) éis níor ghabh neach de
ó ghabh (sé) arm d'iomlat.

It was seldom for you to be without your weapons
until it had befallen you to be stiff in death.

The bright shining spear has wounded you
grievously,
and another has transfixed you.

And the cruel sword has cut you to pieces,
and a rain of blood has fallen down your cheeks.
And they took all about you,
all the warriors that were of one troop.

Ah, what were they for me
who have not seen my chief of sorrows?
My loved one, my chosen out of the crowd,
and my man worth good treasure.

He is my man of worth for all my days,
Great Maine, the son of Ailill.
I will die therefore, to be in want of him,
that he will not come to be perceived by my senses.

His purple robe of kingly state
much its *sight* puts me in grief,
No one took it away from him
after that he had taken weapons to brandish them.

Sé féin ar lar in taigi,
's a lám arna himdibi,
's a gai 's i læch [*read* is i læch?] ras cuir,
's a chend illáim Conchobuir.

'S a chlaideb tortbuillech, trén,
ro gab úad i n-etarcén,
's a sciath bail darochair de,
icosnam [*for* ic cosnam] a muntere.

Cóica láech immi fo thrí,
trúag a n-dul uili ar nefní,
mór a n-osnad tan roscab,
'ca chosnam darochratar.

hÉ-sium féni noco bréc,
ro fodail mór sét [*two syllables are missing,*
perhaps hé-sium at the beginning],
ní lugu dorochair de,
oc cosnam a muntire.

Atá na ligi co crúaid
maccoem Connacht glaini a shluaig.

Mairg dia muntir miad glan gle,
ocus mairg dia glancheile.

'S é féin ar lár an tí
's a lámh arna baint,
's a gha 's i laoch a chuir (sé)
's a cheann i lámh Chonchobhair.

'S a chlaíomh tortbhuilleach tréan
a ghabh uaidh in idirchian,
's a sciath bail a thorchair de,
i gcosaint a mhuintire.

Caoga laoch uime faoi thrí
trua a ndul uile ar neamhní,
mór a n-osna tan thost a gcab
'ga chosnamh a thorchradar.

Eisean féin nach mbréag
d'fhodháil mórshéad,

ní lú a thorchair (sé) de
ag cosnamh a mhuintire.

Atá ina luí go crua
macaomh Connacht (le) glaine a shlua,

mairg dá mhuintir an miadh glan glé
agus mairg dá ghlanchéile.

He himself on the floor of the house,
and his hand since it has been cut off,
and his spear, into a hero he thrust it,
and his head in the hand of Conchobhar.

And his sword, hard-striking, strong,
took Conchobhar from him in the distance;
and his shield there where it fell from him
for the defence of his people.

Three times fifty warriors round him —
'Tis sad that they all went for nothing.
Great their sigh when he took them;
while they defended him they are fallen.

He himself was a hero—it is no lie—
he distributed much treasure;

Not a little thing it is that he has fallen for
while he defended his people.

He lies there in grisly manner,
the young man of Connacht with the flower of his
army.
Woe for his people—bright gleaming honour—
and woe for his fair companion.

Noco chumcim-sea ní duit,
áir dom-rat in drochbeirt [*there is a syllable
missing, perhaps dom-radat can be read*],
is briste mo chride de,
icot fhégad a gillai.”

Nach gcumas domsa ní duit
ar do dhul i ndrochbheart,
is briste mo chroí de
ag d’fhéachaint a ghiolla.”

I can do nothing for you,
for it is an evil deed that *has been done to you*.

My heart is broken therefore
while I look upon you, O boy.”

Section 22

Is and sin doroacht Fiannamail mac Fergus
Forderg

trí chóicait læch cucu.

Ro tuarascaib ind echlach disi

ocus ro innis scéla garba dó-som.

Ro dassed immi-sium iarsin,

ocus ro iarair eolas airm i faigbed
Chonchobar,

ocus doringset laid eturru:

Is ansin a tháinig Fiannamhail mac
Fordeirg

agus trí chaogaid laoch chucu.

Thuairiscaigh an t-eachlach dise **(.i. d’
Fhearbh)**,

agus d’inis na scéala garbha dósan **(.i.
d’Fhiannamhail)**.

Tháinig dásacht uimesean iar sin,

agus d’iarr (sé) eolas airm a bhfaigheadh
Conchobhar,

agus rinne siad laoi eatarthu:

Then came Fiannamhail, the son of Fearghus
Fordhearg, *to the fort*,

and three times fifty was the number of the warriors
that were with him.

And a herald *who preceded him* gave to Fearbh
the news of his coming,

and to *Fiannamhail* he told the sad tidings *of
Maine*.

Fiannamhail immediately flew into a rage,

and sought eagerly for tidings of where Conchobhar
was to be found,

and *he and Fearbh* between them made this
song:—

[Ferb:]

“Fiannamail-seo chucunni,
ro iarraided acunni,
cid maith a bés oc a thig,
ro scar dogrés ria muntir.”

[Fiannamail:]

“A ingen is garb in scél,
innissi dam tria grés n-gér,
scarad frimuntir [*for* frim muntir] mét n-gal,
mas iat-so darochratar.”

[Ferb:]

“Is iat-sain do munter-su,
arai cen co fintat-sum,
ro marbsat ro marbtha i fat,
ro bo chomrac dergnámát.”

Fearbh:

“Fiannamhail seo chugainne
ar a n-iarradh achainí,
cé maith a bheas ag a theach
scar (sé) do ghréas lena mhuintir.”

Fiannamhail:

“A iníon is garbh an scéal
inis-se dom tria ghréas géar,
scaradh le muintir méid gal
más iadsan a thorchradar.”

Fearbh:

“Is iadsan do mhuintirse
a n-araí gur go fionnta duit,
mharaíodar, maraíodh i bhfad iad
ba chomhrac deargnamhad.”

Fearbh.

“Fiannamhail comes here to us,
he was sought for by us:
how good also his demeanour in the house.
He is for ever separated from his kindred.”

Fiannamhail.

“O maiden, the message is painful
that you send sharply provoking me,
‘That I have lost my kindred.’ Much was the valour
if it is here that they are fallen.”

Fearbh.

“These are your kindred—
yet without that you can discover them.
They have slain, they have been slain far and wide;
it was a war of blood-red foes.”

[Fiannamail:]

“Ocus Mani in marend hé?
mo chomthach mo choceile,
mo rí mo ruiro ‘com thaig,
mo duni alaind inmain.”

[Ferb:]

“Is goirt lim aní atberi,
a Fhiannamail fhiannaidi,
ro merad immut cen acht,
fogéba sund a thigleacht.”

[Fiannamail:]

“Eolas dam ram fhorraig ferg,

ma ra fhetar a glan-Fherb,
apair rim, cia bail itá
Mani mór mac Ailella.”

[Ferb:]

“Uchan achan air [*two syllables are missing*],
na fetar a Fhiannamail?
dorochair Mani malle
is ogus a muntire.”

Fiannamhail:

“Agus Maine, an mhaireann sé?
mo chomthach mo chomhchéile,
mo rí mo ruire ag mo theach,
mo dhuine álainn ionúin.”

Fearbh:

“Is goirt liom a’ ní a tharla
a Fhiannamhail féinní,
a mhearadh umat gan acht
gheobhaidh tú ansin a theachleacht.”

Fiannamhail:

“*Déan* eolas dom roimh fhor-ráig
feirge
má a fheadar a ghlanFherb,
abair liom cén bail atá (sé)
Maine Mór mac Ailealla.”

Fearbh:

“Ochón, ochón air
nach bhfeadar a Fhiannamhail?
Thorchair Maine maille
is a mhuintir uile.”

Fiannamhail.

“And Maine, is he in life?
my comrade, my companion,
my king, my chief in the house,
my fair, well-loved friend.”

Fearbh.

“Bitter to me is what you say,
O champion Fiannamhail.
You are in error without a doubt,
here you shall find his last bed.”

Fiannamhail.

“Make it known to me—wrath has mastered me—

if you know it, O fair Fearbh,
tell me the place where is
Great Maine, son of Ailill.”

Fearbh.

“Ochone, Ochone,
Do you know it not, Fiannamail?
Maine is fallen,
and with him all his forces.”

[Fiannamail:]

“Cia dorat in cath crúaid? [*a syllable is missing*]

cia doraitni fó dimbúaid?

ocus cia ro marb Mane

ocus siat i n-oenbaile?”

[Ferb:]

“Ulaid tancatar a túaid

a nirt chatha chlaidebrúaid,

co ro gabsat fhoraind tech

co trí cóicdaib læch laimthech.”

[Fiannamail:]

“Ticfa fri Ultaib in scél,

at bidbaid cen imarlén,

mairfitir and tiar is tair,

dia marat na Connachtaigh.”

[Ferb:]

“Doberim mo chobais duit,

a Fhiannamail, uair at roglíc,

na dechaid d’Ultaib cen chleith,

acht oén días ina m-bethaid.”

Fiannamhail:

“Cé a fhear an cath crua?

cé faoi deara an díomua?

agus cé a mharaigh Maine

agus iad in aonbhail?”

Fearbh:

“Ulaidh (a) tháinig aduaidh

a neart catha chlaíomhrúa,

gura ghabh siad orainn an teach

go trí caogaid laoch láimhtheach.”

Fiannamhail:

“Tiocfaidh i gcoinne na n-Ultadh an scéal

iad bíobhaI gan imléan,

marófar iad thiar is thoir

má maireann na Connachtaigh.”

Fearbh:

“Beirim mo chúis duit

a Fhiannamhail uair (go bhfuil tú)

róghlic,

a tháinig d’Ultaigh gan chleith

níl ach aondís ina mbeatha.”

Fiannamhail.

“Who has caused the cruel war?

Who has glittered *in arms* at the overthrow?

and who has slain Maine

and *are* they in like place?”

Fearbh.

“The Ulster men came from the North

With their might of red-sworded war;

so that they took the house against us,

with three times fifty bold warriors.”

Fiannamhail.

“The tale shall go against the men of Ulster,

they are guilty without being hurt.

They shall be slain west and east,

if the men of Connacht yet remain in life.”

Fearbh.

“I give you my assurance,

O Fiannamail, since you are very skilful,

that of the Ulster men—without concealment—

only a single pair came back alive.”

[Fiannamail:]

“Cade in días térnatar and?
cia halt dáine? cia n-anmand?”

ocus cíá dochuatar ass,
doringset mór diar n-amles?”

[Ferb:]

“Conchobar is Brod cen brath,
is iat [*read* ’s iat] térnatar assin chath,
da gai trí Chonchobar féin,
’s a trí tri Brod ní imcén [*read* imchéin].”

[Fiannamail:]

“Cia ro guin Conchobar crom?
cia dorat i n-ecomlond?
ní beoda a dula cen geiss,
ma tá air-sium dluig legis.”

[Ferb:]

“Mani ro guin Conchobar,
di shleig nirborddugud [*perhaps* nir bo
orddugud?],
ro marb-som Mani iarsin,
is é a fhír a Fhiannamail.”

Fiannamhail:

“Cé (hiad) an días (a) tháinig ann?
cén bail *ar na* daoine *seo*?
cad (iad) *a* n-ainmneacha?
agus cá ndeachadar as
a rinne siad mór dár n-aimhleas?”

Fearbh:

“Conchobhar is Brod gan feall
is iad théarnadar as an chath,
dhá gha trí Chonchobhar féin
’s a trí i mBrod ní imchéin.”

Fiannamhail:

“Cé a ghoin Conchobhar crom?
cé a chuir (sé) in éagomhlann?
ní beo a dhula gan geis
má tá airsean fonn leighis.”

Fearbh:

“Maine a ghoin Conchobhar
dhá shleá, níorbh ord,

mharaighsean Maine iar sin
is é a tharla a Fhiannamhail.”

Fiannamhail.

“Who are the two who came back?
What is the condition of the men?
what their names?
and whither are they gone from hence
who have done a great thing for our hurt?”

Fearbh.

“Conchobhar and Brod, without deceit,
are they who have come back from the battle;
two spears through Conchobhar himself,
and three of them through Brod, not far from that.”

Fiannamhail.

“Who has wounded Conchobhar the crooked?
Who has put him into an evil state?
Not lucky his going without prohibition,
if he has a desire for healing.”

Fearbh.

“Maine it was who wounded Conchobhar —
two spears, it was not an appointment

He killed Maine thereafter.
That is the truth about him, Fiannamhail.”

Section 23

Imthigid Fiannamail iarsin i n-iarmoracht Conchobuir,	D'imigh Fiannamhail iar sin in iarmhóracht Chonchobhair,	After this Fiannamhail pushed forward in pursuit of Conchobhar,
co tarla Niall Cendfhind mac Conchobuir ina agid	go dtarla Niall Ceannfhionn mac Conchobhair ina aghaidh,	and to meet him came Niall the fair-headed, who was the son of Conchobhar,
ocus céit fer n-armach do thegluch Conchobuir immalle fris	agus céad fear n-armach do theaghlach Conchobhair maille leis,	and with him a hundred armed men of Conchobhar's household,
ic iarraid Chonchobuir.	ag iarraidh Chonchobhair.	who were seeking Conchobhar.
Ro ferad gleo fichda feochair eturru.	Fearadh gleo fíochta feochair eatarthu.	A hot, wild battle was fought between them,
Maroen ro imred forlond fer for Fiannamail de-side,	<u>Treascraíodh le</u> forlann fear Fiannamhail de sin,	and Fiannamhail, overcome by men, was vanquished,
ocus nír damad cert comlaind dó,	agus níor dámhadh ceart comhlainn dó,	nor did he reap advantage from the equal number on his own side,
ná co torchair marb cen anmain.	nó go dtorchair (sé) marbh gan anam..	for he fell lifeless and dead;
Dorochair dana trícha laech laisium a oenur.	Thorchair tríocha laoch leis-sean ina aonar.	yet thirty of his foes fell by his single arm alone.
Forfhopair andsin ind ingen ic fegad gilla Connacht.	Chrom ansin an iníon Fearbh ag féachaint *ar* ghiollaí Connacht.	And then the maiden, *namely Fearbh*, turned her and looked at the young warriors of Connacht.

“Dar brethir [<i>for</i> Darm brethir] ém,” ar si,	“Dar *mo* briathair ámh,” ar sí,	“By my word indeed,” said she,
“ní ar meth gascid ná hengnama dorochrabair-si	“ní ar mheath gaiscí ná heangnamha a thorchair sibhse,	“it is not owing to lack of valour or of skill that you died;
acht forlond do imbirt foraib,	ach *toisc* fhorlainn a imirt oraibh.	but you were overcome by superior numbers.
ocus ummoro tra,” ar si, “darochair far comlund lib-si	Agus iomorra,” ar sí, “thorchair ar chomhlann libhse	And yet,” said she, “an equal number of your foes have been slain by you,
cia dorochrabair.”	cé <u>gur</u> thorcair sibhse.”	even though you also have fallen.”
Ocus ro chan in laid-seo sis:	Agus chan an laoi seo síos:	And she sang the following song:—
“Truag sin a gillu Connacht, ní fhuil clúim ria bar n-adart, bar lem-si [<i>read</i> léim] is léim cen fhollacht, fúarabair béim dar amarc.	“Trua sin, a ghiollaí Chonnacht, níl clúmh le bhur n-adhairt, dar liomsa is léim gan <u>ionad coise</u> fuair sibh béim thar amharc.	“Sad is this, you young men of Connacht. There is no down to your cushions. Your leap seems without (a footstep?). You have found yourselves struck by a blow over the eyes.
Ca sluag rop ailliu innathe, is bad fherr i cend cleithe? Bar n-delb ropo delb dígle, is frithe serb far snathe.	Cén slua árbh áille ná sibh is ba fearr i gceann cleithe? bhur ndealbha, b’iad dealbha *ba* dhile is frith searbh bhur snáithe *shaoil*.	What army was fairer than you were, and better for noble strife? Your form was a glorious form; your life thread is a bitter masterless possession.
Snáithe far ruisc ro mebaid, fuarabair dig cuisc tonnaid. Ropo chrúaid leo far n-debaid, ro dedail gleo i n-uarcollaib.	Snáithe bhur roisc a madhmadh fuair (sibh) deoch coisc <u>bháis</u> , do ba chrua leo bhur ndeabhaidh a dheighil gleo i bfuair-cholainneacha.	The thread of your eyes is broken. You have found the drink of conquest, of death poison. Stubborn for them was the strife with you— the war departed in cold bodies.

Ro marbsaid cét fer n-armach,
ro for-rép in cú codnach.
Bar scél is crúaid 's is caingneach,
is mana dér co homnach.

Is trúag mo chumang-sa rib,
ic scailiud dér is ic mifrig [*perhaps read 's*
ic and dul in the following line].
Ropad fherr lim-sa dula lib,
is mo loscud do chrithrib.

Sib sluág rop ailliu i n-hErinn,
gillai Chonnacht nos cáinim.
Cach oen ros marb ní seguind,
fégaim cech m-baidb foa fuidim.

Ropo mór far muirn sin chath
i n-agid na Fomorach.
Mór m-ban dagaena uch ach
i n-degaid na ro-uallach.

Uallach thancatar is tech,
nocorb athair dóib aithech.
O ro gabsat cóir na cleth,
nocorb allic dóib teched.

Mharaigh (tú) céad fear n-armach
réab an cú codhnach *iad*,
bhur scéal is crua, 's is caingneach,
is mana deor go huamhnach.

Is trua mo chumannsa libh
ag scaoileadh deor is ag mairgneach,
b'fhearr liomsa dul libh
is mo loscadh do chréalach.

Sibh slua ár bh áille in Éirinn
giollaí Chonnacht (a) chaoinim,
gach aon a mharaigh (sibh) ní
séaghainn
féachaim gach badhbh (*i.e. laochra, go*
meafarach) a chaoinim.

Ba mór bhur slua sa chath
in aghaidh na bhFomhórach,
mór mban a ndéanfaidh “uch, ach”
i ndiaidh na ró-uallach.

Uallach thágnadar sa teach
nárbh athair dóibh aitheach,
ó ghabh siad cóir na gcleatha
nárbh áil dóibh teitheadh.

You have slain a hundred armed men.
For you the noble dog has torn (them) in pieces.
Your tale is stubborn and a cause of strife.
It is a fore-token of tears in dreadful manner.

Sorrowful is my knowledge of you,
while I shed tears and lament.

Dear were it for me to go with you
and to be burnt to ashes.

You were the fairest troop in Ireland.
Young men of Connacht, I lament you,
Each who has killed you, he is not stately,

I see every scald-crow (*'Badhbh', a nickname with*
warlike connotations) whom I lament.

Great was your host in war
against the Fomorians.
Many women are there who will cry 'uch' and 'ach'
behind the very proud.

Proudly you came into the house;
you had no vassal for father.
Since you had accepted the privilege of the chiefs
it was not suitable for you to fly.

Ro biathsaid Baidb co m-báni,
allus airm, lór a chruadi.
Gillai Chonnacht co cáimi,
dáini ra tromalt truagi.”

Bheathaigh siad Badhbh go mbána
as los airm, (ba) leor a gcrua,
giollaí Chonnacht go caoimhe
daoine le tromalt trua.”

You have feasted the Badhbh, the pale one,
amidst the weapons; sufficient your boldness.
The young men of Connacht with beauty
are men in a heavy state of sorrow.”

Section 24

Doroacht iarsin Domhnall Derg Drechlethan
mac Dubain

faichthi in dúnaid.

“Maith ém allus gai ocus claidib,”

ar bé thastil, “Domhnall Derg mac Dubain.

Lond fri úair n-gascid cách tanic and,

ocus ro pad mór a chobair dia chomaltu,

dianatairsed ina bethaid.”

Otchuala ind ingen sin,

dodechaid immach ina agid

Shroich iar sin Domhnall Dearg
Dreachleathan mac Dubháin

faiche an dúin.

“Maith ámh a los ga agus claíomh,”

ar an bhé thaistil, “Domhnall Dearg
mac Dubháin.

Lonn le uair na ngaiscí cách a tháinig,

agus ba mór a chabhair dá chomhalta
(Domhnall)

dá dtairiseadh (sé) ina bheatha.”

Ó chuala an iníon (*i. Fearbh*) sin

chuaigh (sí) amach ina aghaidh

Then came Domhnall the Red, of the broad
countenance, the son of Dubhán

to the lawn of the fort.

“Indeed, he is good with the spear and sword,

this Domhnall the Red, son of Dubhán,” said the
messenger maid.

“Dauntless in the hour wherein valiant deeds are done
is each of those who have come hither,

and mighty would have been the aid that Domhnall
would have lent to his foster-brother

if he had come here while Maine was yet in life.”

And when the maiden Fearbh heard that,

she went out that she might meet Domhnall,

ocus ro gress co mór

ocus doringni rand oculus ros frecair Domnall
Derg Drechlethan:

[Ferb:]

“A Domnaill maic Dubáin dí,
a gríobh in gascid gabthig,
cidat lond im gním garta,
ro marbad do chomalta.”

[Domnall:]

“Cia ro thuit Mani in milid,
ra chind ar a chomdínib
im gáis im gasced im gart,
im enech is im ánleacht.”

[Ferb:]

“Ní hopair læch na n-déni,
uchfad uch is ecáini,
or na targa Mani de,
ba ferr calma fri namte.”

[Domnall:]

“Bam tarb tnúith isna tressaib,
focicher crú tria chnessaib,
coselub mór bemmend búan
ar Conchobar claidebruad.”

agus ghreas go mór (sí) é,

agus rinne (sí) rann agus d’fhreagair
Domhnall Dearg Dreachleathan:

Fearbh:

“A Dhomhnaill mic Dubháin dí,
a ghríobh i ngaisce gáifigh,
cé (gur) lonn (thú) i gníomh garta,
marbhaíodh do chomhalta.”

Domhnall:

“Cé gur thit Maine an míle,
ba cheann ar a chomhdhaoine (é),
im ghaois im ghaisce im ghart,
im oineach is im iocht.”

Fearbh:

“Ní hobair laoich a dhéanann tú,
ochfad och is éagoin,
óir ní thiocfaidh Maine de,
ba fearr *a bheith* calma le
naimhde.”

Domhnall:

“Is tarbh tnúith mé sna treasa,
scairdfidh cró tria chneasa,
le gach buille béimneach buan
ar Chonchobar claíomhrú.”

and much she incited him *to the fight*,

and she made a part of a song, and Domhnall the Red
of the broad countenance answered:

Fearbh.

“O Domhnall, son of dear Dubhán,
O hawk of dangerous valour,
since you are dauntless for the sake of a deed of fame,
your foster-brother has been killed.”

Domhnall.

“Though Maine the warrior is fallen,
yet he surpassed all his contemporaries
in skill, in valour, in glory,
in honour, and clemency.”

Fearbh.

“This is not the deed of a hero that you do
sighs, crying of woe, and laments.
Since Maine will not return after that
it were better to go valiantly against his foes.”

Domhnall.

“I will be a fiery bull in the war.
I will make blood spring through the skin.
I will give many incessant blows
to Conchobar the red-sworded.”

[Ferb:]

“Nir bo ró Conchobar cain

i n-dígail Mani menmnaig,
or ní tharga is nir gein
a macsamla asin Chruachain.”

[Domhnall:]

“Conchobar, cid mór a blad,
ocus Niall is Fearadach,
i n-dígail Mani rocerb,
nos linfea [*for* nos liunfa?] mo lám a Fherb.”

[Ferb:]

“Da m-bad tussu, a Domnail Deirg,
no marbtais Ulaid trí Fheirb,
ropad bladach a digail
forscéol Mani mórgnimaig.”

[Domhnall:]

“Daig is esium féin ro beb,
Mani Mórgor met míle,
noco rag-sa siar dom thig,
na raib fer bethaid d’Ultaib.”

Fearbh:

“Ní *an iomarca é* go raibh *a bhás
ag* Conchobhar caoin
i ndíoghail Mhaine mheanmnaigh,
óir ní tháinig is níor gin*eadh*,
a mhacasamhail as an gCruachan.”

Domhnall:

“Conchobhar, cé (gur) mór a bhladh,
agus Niall is Fearadach,
i ndíoghail Mhaine, *a gearradh*,
Imreoidh* mo lámh *díoltas orthu*, a
Fhearbh.”

Fearbh:

“Dá mba tusa a Dhomhnaill Deirg,
a mharaigh Ulaidh trí Fhearbh,
ba bladach a dhíoghail,
ar scéal Maine mhórghnínhaigh.”

Domhnall:

“*Ó tharla* is eisean féin fuair bás
Maine Mórgor méad míle,
nó go rachaidh (mé) siar dom theach,
ná raibh fear beo d’Ultaigh.”

Fearbh.

“Not too much would be that Conchobhar the fair
should die, as vengeance for Maine the courageous;
For there will not come, and there is not born
The equal of Maine in Cruachan.”

Domhnall.

“Conchobhar, though great his glory,
and Niall and Fearadach
are vengeance for Maine —a sharp hewing in pieces.
My hand shall slay them, O Fearbh.”

Fearbh.

“If you it were, O Red Domhnall,
whom the Ulstermen had slain for the sake of Fearbh,
so would the revenge taken for you be glorious
in the tale of Maine, the doer of great deeds.”

Domhnall.

“Since he himself it is who is dead,
Greatly-dutiful Maine with the greatness of a warrior,
I will not go westwards to my home
while any of the Ulstermen live.”

[Ferb:]
 “Ropad sám ram chríde cain,
 ropad dídnad dom anmain,
 dithnacht Uladh uili ind,
 dot láim dremuin a Domnaill.”

Fearbh:
 “Ba sámh dom chroí caoin,
 ba dídean (é) dom anam,
 díothúchán Uladh uile ann,
 dod lámh dhreamhan, a Dhomhnaill.”

Fearbh.
 “It would be peace for my good heart,
 it would be a comfort for my soul, if all the Ulstermen
 were destroyed for the deed they have done,
 by your violent hand, O Domhnall.”

Section 25

Nir bo chían inn irnaide do Domnall

co n-acca chuci in m-buidin móir

i m-bátar cethri chet fer n-armach

im Fheradach Lámfhota mac Conchobair.

Imsái cách díb dochum a chéili.

Ro imred forlín fer andside for Domnall agus
 ro dásed immi-sium

agus dorochair cóica láech lais

agus dorochair fer cech fhir dia muntir,

Níor chian *a bhí* Domhnall *ag* fanacht

[nuair a] chonaic (sé) chuige an bhuíon mhóir

ina raibh ceithre chéad fear n-armach

um Fhearadach Lámfhada mac Conchobhair.

D’iompaigh cách díobh *ar* a chéile.

D’imir forlín fear ansin ar Dhomhnall, agus
 tháinig dásacht uimesean ,

agus thorchair caoga laoch leis

agus thorchair fear gach fir dá mhuintir.

Domnall was not waiting long,

when he saw a great host coming towards
 him,

in which were four hundred armed men,

surrounding Fearadach of the long hand, *son
 of Conchobhar*.

Each of these foes set themselves against the
 other.

Then Domhnall, finding himself overcome by
 the numbers against him, fell into a rage;

fifty warriors fell by him;

and all the men of his following were slain,

ocus ro gon-som féin Feradach badí.	Agus ghoinsean féin Fearadach faoi dhó.	while he himself twice succeeded in wounding Fearadach.
Doringned guin galand de-sium andsin	Rinneadh goin gaile de-sean ansin,	But with murder his foes strove against him,
ocus ro díchend Feradach hé oculus ro lá a ulaig commaidmi,	agus dhícheann Fearadach é, agus d'ardaigh (sé) a uaill chomhmhaidhme,	and Fearadach struck off his head, and he raised the shout of victory;
ocus ro díchennait a munter	agus dícheannadh a mhuintir,	moreover, the heads of all his companions were struck off,
ocus ro laad a n-ulach commaidmi.	agus d'ardaigh (siad) a n-uailleacha comhmhaidhme.	and loudly the cries of triumph were raised by the victors.

Section 26

Dochuaid ind ingen iarsin	Chuaigh an iníon iar sin	And the maiden went back to the fort, *and she entered in;*
co m-bái ic fégad Mani.	go raibh (sí) ag féachaint *ar* Mhaine.	and *as* she saw Maine, *she was overwhelmed with her grief.*"
"Is étig," ar si, "atathar andsin innossa a gillai,	"Is éidigh," ar sí, "atá ansin anois, a ghiolla,	"Hideous," said she, "is that which hath befallen us, oh youth;
ocus bam marb dot chumaid,	agus beidh mé marbh dod chumha,	and it is on your account that in sorrow I will die,
cid treót ro marbad m'athair oculus a mac,	cé *gur* tríot a maraíodh m'athair agus a mhac,	although through you my father and his son *also* have been killed,

ocus is dóig ni ba hed amáin dia tora Medb.”	agus is dóigh níorbh é amháin de thoradh [teacht] Mheadhbha,”	and it is likely that shall not be the sole result of Meadhbh’s *coming*.”
Ocus doringni in laid-sea sis tria thursi:	agus rinne (sí) an laoi seo síos tria tuirse:	And she made the following lament in her sorrow:—
“Trúag ám sin, a maic Medba, a gillai alaind ergna, is fuilech forderg do chnes, dodechaid dít ar n-amles.	“Trua liom sin, a mhic Mheadhbha, a ghiolla álainn éargna, is fuileach fordhearg do chneas, tháinig díot ár n-aimhleas.	It is a sorrow to me, O son of Meadhbh, O beautiful and skilful youth, Bloody and red is your skin, from you has our ill fortune come.
Is tríut ro marbad m’athair, ropo deglaech degathaig, is triut ro marbad a mac, ni hassa dam a dermat.	Is tríot a maraíodh m’athair, ba dea-laoch dea-aitheach (é), is tríot a maraíodh a mhac, ní éasca dom a dhearmad.	It is through you that my father has been slain; he was a good warrior, a good vassal. Through you has his son been slain; not easy for me to forget it.
Is triut dogentar mór d’ulc, atgén ar in gné fil orut [<i>one syllable too many</i>], is mór d’ulc bias de [<i>one syllable too few</i>] d’óes Mani ocus Fheirbe.	Is tríot a dhéantar mór d’olc, *a* d’aithin *mé ón* ngné *a* bhfuil ort, is mór d’olc (a) mbeidh de, d’aos Maine agus Feirbhe.	Through you has much evil been done. I have learnt by its appearance that it is due to you. Much evil shall follow therefrom for the people of Maine and of Fearbh.
Is briste mo chride de ic fégad do chrólige, mallacht ar láim ro letair [<i>read</i> rot letair] is dot-rat i n-drochlepaid.	Is briste mo chroí de, ag féachaint do chróilí, mallacht ar an lámh a leadair (tú), is a chuir (tú) i ndrochleaba.	My heart is broken on this account at the sight of your bed of death. A curse on the hand that has cut you to pieces and has brought you to an evil bed.

Mór n-ingen dia tibre sáeth,

mór m-ban do marbad a glangáeth [*one syllable too many*],
mór n-airecht bias ocot gul [*read 'cot*],
is dot tesbaid-siu th'oenuir.

Ropot álainn a chianaib [*read ó chianaib*]
cut chulenaib 'con fiadaig,
ropo mór let do menma
im fhebas do degdelba.

Isat étig innossa,
isat bána do bassa,
is mairg na cifea, dar lind,
ro scar do chend rit colainn.

Olc in scél berthair siar [*a syllable is missing; read in scél sin?*]
co Fionnabhair na n-glaniall,
tasc a brathar di co feirg,
is a esbaid ar glan-Fheirb.

Ailill agus Meadhbh don mhaigh,
ní biat siat i m-bethaid,
imsod a gné do ghruaide,
ní mé na ba lór truaige."

Mór iníon a tabharfaidh (tú) saoth
(dóibh),
mór mban a maraíodh a nglanghaoth,
mór n-oireacht (a) mbeidh ag do ghol,
is dod easpa-sa d'aonar.

Ba álainn [tú] ó chianaibh,
agat coileáin chon fhaigh,
ba mór leat do mheanmna,
i bhfeabhas do dhea-dhealbha.

Is [tú] éidigh anois,
is iad bána do bhasa,
is mairg (dó) nach gcaoinfidh, dar linn,
scar do cheann led cholainn.

Olc an scéal beirfear siar,
go Fionnabhair na nglaniall,
tasc a brathar di go feirg,
is a easpa ar glan-Fheirb.

Ailill agus Meadhbh don mhaigh,
ní bheidh siad i mbeatha,
imeoidh a' ghné dod ghrua,
ní mé nach ba leor trua."

Many are the maidens to whom you shall give
sorrow,
many ladies—that you, oh marvellously skilful
youth, art dead.
Many are the assemblies who shall lament for you
and because you are missing, you alone.

You were till now beautiful,
with your young dogs at the chase;
lofty was your mind,
on account of the beauty of your handsome form.

You are ugly now,
pale are your hands,
woe be to him who will not lament,
your head is off your body.

Evil is the tidings which shall be carried westward
to Fionnabhair of the fair hostages;
The message about her brother is full of grief for
her,
and that he is wanting to the fair Fearbh.

Ailill and Meadhbh of the plain *of Aí*,
they will not remain in life.
The appearance of thy cheeks *is terribly
changed*.
I am not one who has not had a sufficiency of
misery."

Section 27

Is andsin ra sochtatar a da mac co Conchobar, .i. Niall agus Fearadach.	Is ansin a shroich a dhá mhac go Conchobhar: Niall agus Fearadach.	Then came to the side of Conchobhar his two sons, Niall and Fearadach.
Darocht dana Medb	Shroich <u>iomorra</u> Meadh (iad),	And Meadhbh drew nigh
co secht cétaib láech lé	go seacht gcéad laoch léi,	with seven hundred warriors by her
co m-bói ascind [<i>perhaps</i> ar chind? <i>or</i> ós cind?] ind armaige.	go raibh (sí) os cionn na hármhá.	till she was in sight of the field of battle.
Doringni cruadchippi grinni bec di,	Rinne (sí) cruachipe grinne beag díobh,	She formed her troops into a compact and stubborn band,
ocus torcaib idna catha rempi	agus thurgháil (sí) <u>airm</u> chatha roimpi,	and she raised weapons fit for the battle before her;
ocus ros dírig ar ammus Conchobair	agus dhírigh (sí) ar amas Chonchobhair,	and she made straight for Conchobhar
do digail ammeicc agus a muntire fair.	do dhíoghail a mic agus a muintire air.	to take vengeance on him for the death of her son and of the people that were with him.
Ocus ciarbo chnedach crechtach Conchobar,	Agus cé gur chneadach créachtach Conchobhar,	And although Conchobhar was full of wounds and of hurts,
noco n-ic imgabail Medba ro bóí	níor ag imghabháil Mheadhbha a bhí (sé),	yet he was not retiring before Meadhbh,

acht is 'ca iarraid, conos tarla tul fri tul.	ach is 'ga hiarraidh, gona dtarla (siad) tul le tul.	but he was advancing *eagerly* to her, till they were face to face.
Gebid cách díb sroigled ocus essorcoin, leod ocus letrad,	Gabh cách díobh ag sraoilleadh agus ag <u>greadadh</u> , ag leonadh agus ag leadradh,	Everyone took to dealing out blows, and to mutilating and to destroying, and to hew down
brúd ocus básugud a chele.	ag brú agus ag bású a chéile.	and to crush and to slay one another;
Ro fuc Medb andside tolc míle i cath na n-Ultach	Thug Meadhbh ansin an 'Tolg Míle i gCath' chun na hUltaigh,	Meadhbh carried the 'Piercer of the ranks of War' into *the battle host of* Ulster,
co torchair cóiciur lee, im dá mac Conchobair	go dtorchair cúigear léi um dhá mhac Chonchobhair:	so that five men fell at her hand besides the two sons of Conchobhar,
.i. im Níall Cendfhind ocus im Fheradach Lamfhota.	.i. um Niall Ceannfhionn agus um Fhearadach Lámhfhada.	even Niall the fair-headed and Fearadach of the long hand.
Ro gab dana Conchobar scaindred ocus répad ocus mudugud in t-shluaig aile	Ghabh Conchobhar ag scanradh agus ag réabadh agus ag mudhadh an tslua eile,	And on the other side Conchobhar began to rend asunder the remaining part of her host, and to tear and to slay
amal leomain londchreachtaig eter banbraid,	amhail leon lonnchréachtach idir bhainbh,	like a wrathful wounded lion among swine,
cor bo díanleges dó,	gur dianleigheasta dó,	so that quickly had he found his healing from his wounds,
amal ro thuitset agái [<i>read</i> ágai] chró ass	amhail thit a ghathanna cró as	after which, as it were, great pieces of flesh, full of blood, fell from him

la meít na ferggi ro gab

le méid na feirge a ghabh é,

in the greatness of the wrath that had seized him

iar marbad a da mac.

iar mharú a dhá mhac.

after his two sons had been slain.

Section 28

Maidid for Meidb iarsin

Madhmadh ar Mheadhbh iar sin,

Then Meadhbh was defeated;

ocus dofuittet tri cóicait læch lánchalma dia muntir,

agus thit trí chaogaid laoch lánchalma dá muntir,

and three times fifty mightily valiant warriors of her people fell in the fight,

ocus nos berat na ferchutredaig ass hí iarsin amal bá bés dóibh,

agus rug na fir chuideachta as í, amhail ba bhéas dóibh,

and her guards, as their custom was, bore her safely back;

ocus ro len Conchobar in maidm co n-dechaid dar Mag n-Ini immach.

agus lean Conchobhar an mhaidhm go ndeachaigh (sé) thar Mhá nIne amach.

and Conchobhar followed *hard* upon the rout till he passed beyond Maigh Ine.

Impaís Conchobar iarsin fri dúnud [*read* dúnad] n-Geirg

D'iompaigh Conchobhar iar sin go Dún Geirg

Then back he turned, and made for the fort of Gearg

dia indriud.

dá ionradh.

with the intent to lay it in ruins.

Atagat munter Geirg andside

Thiomsaigh muntir Gheirg ansin,

Thereupon the people of Gearg gathered together,

im Chobthach Cnesgel

um Chobhthach Cneasgheal,

around Cobhthach of the fair-skin, son of Gearg, *who lead them to the fight*;

cath cróda comnart do Chonchobur ic cosnam a n-dúnaid.	cath cróga comhneart do Chonchobhar ag cosaint a ndúin.	it was a violent and a well-matched battle against Conchobhar in defence of their fortress.
Imsaí Conchobar chucu amal fáel fó chairib,	D'iompaigh Conchobhar chucu amhail faol faoi chaoirigh,	But Conchobhar rushed upon them like a wolf among sheep,
ocus feraid comlund fri Cobthach oculus dorochair Cobthach de-side,	agus d'fhear (sé) comhlann le Cobhthach agus thorchair Cobhthach de sin,	and he and Cobhthach fought in single combat, and Cobhthach fell *in that fight*,
ocus ro marbad cech óen ba inechta dia muntir.	agus maraíodh gach aon dá mhuintir *gurbh éacht i ndán dóibh.*	and then fell also all of his people that were doomed to death.
Oculus ataign Conchobar leis ina fúair	Agus d'ardaigh Conchobhar leis a bhfuair	And Conchobhar took with him whatsoever he found there
d'ór oculus d'argut oculus d'indruini	d'ór agus d'airgead agus d'fhiondrúine	of gold and of silver and of white bronze
ocus do chornaib oculus do choppanaib oculus d'escraib oculus d'arm oculus d'étuch.	agus do choirn agus do chupáin, agus d'eascaí agus d'airm agus d'éadaí.	and of horn and of beakers and of vessels and of weapons and of apparel.
Ro fuc dana leis in dabaig umai ro bóí istig,	Thug (sé) leis <u>iomorra</u> an dabhach umha a bhí sa teach,	He took with him also the brazen vat that stood in the house,
ocus no fiurad forba Uladh uili a llán do lind,	ina bhfaigheadh forba Uladh uile a lán leanna.	in which all the territory of Ulster used to find its fill of ale,
ocus is ria atberthea ól n-guala la Ultu,	Agus is uirthi a beirtí Ól Guala le hUltuigh,	and this is that vat which by the men of Ulster was called the Ól Guala or Coal-vat,

fobíth is teni guail no bíd i n-Emain istig i n-ibthea hí,	<u>ionas</u> gur tine ghuail a bhíodh in Eamhain sa teach ina n-ibhtí í,	since a fire of coals (<i>guail</i>) was wont to be in that house in Eman in which that vat was drunk.
ocus is uad ro ainmniged Loch Guala umai	agus is uaithi a ainmníodh Loch Guala Umha	And from it hath been named Loch Guala Umha
i n-Daminis criche Ulad,	i nDamhinis chríche Uladh,	in the island of Damh, which is in the realm of Ulster;
ar is fóí atá indiu i n-diamraib.	óir is fúithi atá inniu i ndiamhra.	for underneath the lake unto this day is that vat, hidden in a secret place.
Dorat dana leis in rígain .i. Nuagil ingin Ergi	Thug *Conchobhar* <u>iomorra</u> leis an ríon .i. Nuagheal iníon Erce	Also Conchobhar took with him the queen, even Nuagheal, the daughter of Eirc,
ocus a hingin .i. Feirb, ocus na trí coicait ingen immalle fria.	agus a hiníon .i. Fearbh, agus na trí chaogaid iníon maille léi.	and her daughter Fearbh, and three times fifty maidens with her.
Atbath fochétoir Ferb ocus a trí coicait ingen immalle fria	Fuair Fearbh bás faoi chéadóir, agus a trí chaogaid iníon maille léi,	And immediately after this, Fearbh and her maidens all died
do chumaid na macraide.	do chumha na macraí (Maine).	from the sorrow that they felt at the death of *Maine's* boy-toop.
Atbath dana Nuagel do chumaid a fir ocus a da mac.	Fuair <u>iomorra</u> Nuagheal bás do chumha a fir agus a dá mhac.	Nuagheal also died of grief *for the death* of her husband and her two sons.
Ro claided uág do Fheirb iarsin, ocus ro tócbad a lia	Claidheadh uaigh do Fhearbh iar sin agus tógadh a lia,	And they dug a grave for Fearbh, and a pillar of stone was erected for her,

ocus ro scríbad ainm [<i>read</i> a ainm] oguim,	agus scríobhadh a hainm in ogham.	and her name was written *upon it* in Ogham,
ocus doringned дума immon licc	Agus rinneadh dumha um an leac,	and a mound was made around the pillar,
conid Duma Ferbi a ainm ri Ráith Ini,	gonadh Dumha Feirbhe an t-ainm ar Ráth Ine	so that Dumha Feirbhe (‘Fearbh’s Mound’ is the name *that is* now upon Ráth Ine
aniartuáid atá.	— aniarthuidh atá.	—which is in the north-west.

Section 29

Imthigid Conchobar co m-búaid agus choscur co rocht co Emain,	D’imigh Conchobhar go mbua agus choscair go shroich (sé) Eamhain	Conchobhar returned to Eamhain with victory and triumph,
ocus adfét a scéla o thús co dered do Mugain	agus dúirt (sé) a scéala ó thús go deireadh do Mhughain,	and to Mughain he related his tale from the beginning to the end;
ocus ro ráid fria fhili	agus dúirt (sé) é lena fhile	and he gave command to his bard
.i. Ferchertne mac Dergerdne maic Gairb	.i. Fearchertne mac Deargeirdne, mhic Ghairbh,	Fearchertne, the son of Deargeirdne, who was the son of Garbh,
maic Fir Rosa Ruaid maic Rudraige,	mhic Fhir Rosa Rua, mhic Rudhraighe,	who was the son of Fear Rosa *the Red*, who was the son of Rudhraighe,
co n-dernad glónathe airchetail	go ndearnadh aircheadal glonnmhar	that he should forthwith make a great poem

co cummair

do chumnigud in sceóil sin.

Conid iarsin ro chan-som in láid-seo sís,

ocus ro fhalsig ind éicsiu dó-som

co m-bad fúasait don táin in scel so.

Aslinge Conchobair chóir,
maic Cathbad cróda findmoir,
ardrí Ulad, erim n-úag,
ris dresend cách claidebrud.

Bói Conchobar aidchi and
ina chotlud, nir bo gand,
co n-aca ní chuci in mnái
ina dochum ina imdáí.

Etiud corcra co cruth óir,
a hecosc, nir bo deróil,
srethai sítai uas a cind,
mind ard óir ina imthimchiull.

go comair

do chuimhniú an scéil sin.

Gonadh iar sin a chan sé an laoi seo síos

agus d'fhoilsigh (sé) an éigse dósan

go mba hinsint don Táin an scéal seo.

Aisling Chonchobhair chóir
mhic Chathbhadh chróga fionnmhóir,
ardrí Uladh - éirim slán,
leis dreasann cách claíomhrua.

Bhí Conchobhar oíche ann,
ina chodladh níor ghann,
chonaic (sé) ní chuige – an bhean,
ina fharradh ina iomdha.

Éadaí corcra go cruth óir,
a héagasc níor dhearóil,
sreatha síoda os a cinn,
mionn ard óir ina himthimpeall.

briefly,

that should preserve the memory of that tale.

He then sang the poem that now follows;

and he prophesied that in future days,

by means of the tale he had told, should men unravel
the threads of the story of the *Táin Bó Cuailnge*:—

The vision of Conchobhar the upright,
The son of Cathbhadh, the valiant, fair and great,
The high king of Ulster—an unhurt journey,
who raises a red sword against all.

Conchobhar there lay on a night
in sleep—it was not a light sleep;
there saw he the woman come to him,
in his presence in his bower.

Purple her robe with figures of gold,
this was her apparel—she was not indigent—
silken stripes upon her head,
a high diadem of gold round about it.

Asbert fris in ben co m-blaid,
“Maith in sen a Chonchobair,
ordan ocus taced dait
do cech leith úair it irdaire.”

“Cid as nesu dúinn de-sin?”
ar mac Nesa miad mairir,
“asníd a bé dún collí,
ca fhot cossin n-immirgi?”

“Secht m-bliadna lána onocht
not gluasfiter dond oenphort
maccaib mnaib, miad ros bí, [*a syllable is missing, read is mnaib?*]
immon Dond cathach Cualngi.”

“Cia nos ber, nual cen góí? [*a syllable is missing, read béra?*]
cia doróet in cath cocróe?”

“Slúag ard hErenn immasaig
im Ailill don Chruachan-maig.”

“Noco toil sin slicht nad bá,”
ol Conchobar cond catha.
“In fail anaill násad n-án,
a bé barrbude balbán [*read ballbán?*]”

Dúirt leis an bhean go mbladh,
“Maith an séan a Chonchobhair,
ordan agus taca duit
do gach leith óir is oirirc (thú).”

“Cad is neasa dúinn de sin?”
ar mac Neasa miadh maireann,
“inis a bhé dúinn go lí,
cá fhad go tús an fheachtais?”

“Seacht mbliana lána ó ’nocht,
gluaisfidh siad don aonphort,
maic, mná, miadh marófar
um an Donn cathach Cuailnge.”

“Cé a bheireann (é), nuall gan ghó?
cé *a ghlacann leis* an gcath
coigríche?”
“Slua ard Éireann a shaigheann thart,
um Ailill don Chruachanmaigh.”

“Ní toil *liom* sin, sliocht a mbeidh,”
ar Conchobhar ceann catha,
“an bhfuil anall oireachtas án,
a bhé bharrbhuí bhallbhán?”

To him spoke the woman with renown,
“Good is the sign, O Conchobhar.
dignity and support for thee,
honour and fortune for thee.”

“What is the next thing for us?”
said the son of Neasa, the noble of race.
“Say to me, oh woman of brightness,
How long is it to the war?”

“Seven full years from to-night
thou shalt be compelled to gather to one place,
with boys and women—an honour that shall slay
them—
for the sake of the Donn of Cuailnge, rich in wars.”

“Who carries it off?—give an answer without a lie—
who has undertaken the war to the death?”

“The high army of Ireland manoeuvres
under Ailill of the plain of Cruachan.”

“That wish I not, it is a track that is not good,”
said Conchobhar, the head of war.
“Is there another glorious meeting,
O woman, yellow haired, white limbed?”

“Fil gním n-amra, dét for sét, [*read* for sét]

is ní irnaidi fri bréic,
mac ind fhir dot-ic cen meth,

Mani Mór mortha miled.

Dodechaid do feis la Feirb,
la ingin Geirg do Glind Geirg,
tri cóicdaib læch, lathar fír,
ed allín ní immarrím.

Im thráth nóna, nuall glan gle,
is and fastud na flede,
is and airisit malle,
a rí Emna ollglaine.”

“Cia lín ragmait réim cen áir?”

ar Conchobar cóir cruthcháin.
“Eirg-siu chucu, rád cen brath,
tri cóicait fer Fomórach.”

“Bid lat-su coscar co n-gail,
a Chonchobair chomramaig,
gebat-sa form in scél gle,
a rí Emna ollglaine.”

“Tá gníomh amhra; déad (.i. “*bia*”) ar
shéad,
is ní fhanfaidh le bréag,
mac an fhir a tháinig (chugat) gan
meath,
Maine Mór mórtha *le* mílí.

Tháinig sé do fheis le Fearbh,
le hiníon Gheirg ó Ghleann Geirg,
trí chaogaid laoch ina láthair fíor,
iad a líon ní *cearr a* áirím.

Im thráthnóna nuall glan glé,
is ann friotháil na fleidhe,
is ann fhanann siad maille,
a rí Eamhna ollghlaine.”

“Cén líon rachaimid - réim gan aoir?”

ar Conchobhar cóir cruthchaoín.
“Éirighse chucu - rá gan bhrath
le trí chaogaid fear Fomhórach.”

“Beidh leatsa coscar go ngail,
a Chonchobhair chomhramhaigh,
gabhfad orm an scéal glé,
a rí Eamhna ollghlaine.”

“There is a renowned deed; food to eat on the way,
and there is no need to watch for a lie;
the son of that man, he comes to you without shame,
Great Maine, he who is praised by warriors.

He is come to sleep with Fearbh,
with the daughter of Gearg of Gleann Geirg,
with three times fifty warriors, a real design,
this is their number, no false reckoning.

At the ninth hour, quite clear is my speech,
is the setting forth of the feast;
there they delay together,
O king of great and fair Eamhain.”

“In what numbers should we go—an expedition
without blame?”
said Conchobhar the upright one, the fair shaped.
“Bring against them—a speech without treason—
three times fifty of the Fomorians.”

“You shall have triumph with valour,
Conchobhar, greatly rich in wars.
I will take the glorious story on me,
O king of great and fair Eamhain.”

Duscis Conchobar iarsin
ocus duscis a rígain,
adfét a tarfas dó [*add dí to adfét*]
tria relad cen imargó.

Asbert fris in ben co m-bail,
Mugain miadmas co morchéil: [*read*
mórchéill]
“Is lór na fil chena trá
etruind ocus Connachta.”

Atbert Conchobar glan glé,
comsid án na hergaile:
“Is derb cia anam nar tig
da-ficfat na Connachtaig.”

“Uair doralá duit a thecht,
ní gebam dít trí fhorner,
a fhlaith Uladh glaine sluáig,
co ro therná iar n-glanbúaid.”

Luid Conchobar iarum [*the seventh syllable*
is dó, rhyming with gó]
a lín cétna, nír bo gó,
do Ráith Ini, násad gúr,
i m-bói Gerg diar bo rígdún.

Dhúisigh Conchobhar iar sin,
agus dhúisigh a ríon,
dúirt (sé) a dtaibhríodh dó,
trína réaladh gan iomarghó.

Dúirt leis an bhean go mbail,
Mughain mhiadhach go mórchiall,
“Is leor ’bhfuil cheana tráth,
eadrainn agus Connachta.”

Dúirt Conchobhar glan glé,
ceannaire án na hiorghaile,
“Is dearbh cé (gur) fhanaimid ’nár
dteach,
go dtiocfaidh na Connachtaigh.”

“Óir do tharla duit a theacht,
ní ghabhaim ort trí fhorneart,
a fhlaith Uladh glaine slua,
go dtéarna (tú) iar nglanbhua.”

Chuaigh Conchobhar iaramh,
a líon céanna - níor gó, -
go Ráth Ine, oireachtas gúr,
ina raibh Gearg, dar ba ritheach.

Conchobhar waked thereat
and awoke his queen.
He told her what had appeared to him
by a revelation without falsehood.

His wife with bounty spoke to him,
Mughain, rich in honour, of great wisdom.

“It is yet enough what has already happened
between us and Connacht.”

Conchobhar spoke, the bright glorious,
the lordly ruler of war,
“Tis certain that, although we abide in our house,

Connacht will come to us.”

“Since fate has directed you to go
I will not hold you back by force,
O lord of Ulster, with ornament of the army,
may you come again to complete victory.”

Thereupon Conchobhar Conor departed thither
with the self-same numbers—it was no lie—
to Ráth Ine, a valiant gathering,
where Gearg dwelt, to whom the royal burg belonged.

O rancatar in ráith réil
in fhian fodbach co n-glanchéill,
dochuatar ind aidbli uird
dar a dorus in mórbuirg.

Cechaing Conchobar sin les,
trí choicait læch, lúth ro fes,

facbaid a muntir immuig [*read immaig*]
na cró chatha co cunnail.

Dabach umai i tig ind rí
ica línad tall dond fhín,
in tan ránic nuall . . . [*two syllables are missing, perhaps nad bá*]
mac Nesa noithech nitha.

“Aill amae tall,” ar in drúi
di láim ind rí nad imchlói,
“atgen form láid luth frisgair
brod ane in airidig.”

Nir bo irnaide iar sain,
co ro es (?) Brod úad in sleig,
co m-bói tria Gerg isin tig
ocus triasin n-airidig.

Ó ráiníodar an ráth réil,
an fhiann fhadhbhach go nglanchiall,
chuadar in áibhle oird
thar doras an mhórbrugha.

Chinn Conchobhar sa lios,
trí chaogaid laoch, lúth *a raibh eolas
air*,
fágann (sé) a mhuintir amuigh,
'na gcró catha go connail.

Dabhach umha i dteach an rí,
á líonadh thall don fhíon,
an tan ráinigh *sé, níor* núall

mac Neasa nótáilte níotha.

“Amaróid ámh,” ar an draoi thall,
ar lámh an rí nár imchlóigh,
“Is eol dom do fhreagair,
dúlagán a bheidh san ártach.”

Níor fhada iar sin,
gur theilg Brod uaidh an tsleá,
go raibh (sí) trí Ghearg sa teach,
agus tríd an n-ártach.

When they were come to the renowned feast,
the weaponed troop with clear motive,
they entered in—marvellous was their order—
through the door of the great fort.

Conchobhar went into the court;
three times fifty warriors—a strength that was
known—
he left his people outside
in his strategy—a skilful plan.

A brazen vessel in the house of the king
that was there filled with wine,
he approached—a speech

The son of Neasa, renowned in strife.

“Woe,” said the druid,
who turned not away from the king’s side,
“I have known the vigorous poem which answers,
indeed, a mote in the drinking vessel.”(? *Meaning is unclear; though ‘brod’ means ‘mote’*)

There was no delay on that;
then Brod threw his spear
so that it went through Gerg in his house,
and through the beaker.

Tanic Conchobar istech
co trí cóicdaib læch laimthech,
co tuc cend Mani . . .
cona shecht fichtib airlech.

Facbaid Conchobar istig
a muntir tria imargail,
acht hé nammá ocus Brod
ní thérna díb fri slonnod.

In ben chetna thiar fri Meidb
rádis athesc, nar bo meirb:
“Marbais Conchobar do mac,
olc uair dochúaid dia chomrac.”

Doluid Medb aníar don chath
co secht cetaib fer n-armach,
co comraic [*read* co comraicset] tul fri tul
immaig Ulad fri Conchobar.

Marbais Medb and isin maig
mórfesser tria immargail
dia laim féne [*read* fésne], ferr cech cur,
im da mac do Chonchobar.

Maidid iarum siar for Meidb,
cor bo esbaid asa seilb,
co fargaib and ed imne
secht fichit lonnláth gaile.

Tháinig Conchobhar isteach,
go trí chaogaid laoch láimhtheach,
go dtug (sé) ceann Maine (leis),
gona sheacht fiche eirleach.

Fágann Conchobhar istigh,
a mhuintir [*a thit*] trína iomaraíl,
ach é *féin* amháin agus Brod
ní théarna díobh le sloinneadh.

An bhean chéanna thiar le Meadhbh,
dúirt (sí) aitheasc nár meirbh,
“Mharaigh Conchobhar do mhac,
olc *an* uair a chuaigh (sé) dá
chomhrac.”

Chuaigh Meadhbh aniar don chath,
go seacht gcéad fear n-armach,
go comhraic tul le tul
i maigh Uladh le Conchobhar.

Mharaigh Meadhbh ann sa mhaigh,
mórsheisear trí iomarghail,
dá lámh féin fearr *ná* gach *curadh*,
um dhá mhac do Chonchobhar.

Madhmadh iaramh siar ar Mheadhbh,
gurb easpach as a seilbh,
gur fág (sí) ann *mar sin*,
seacht bhfichid lonnláth gaile.

Conchobhar came into the house
with three times fifty warriors,
so that he took Maine’s head
with his seven times twenty.

Conchobhar left behind him in the house
his people in the manner of war;
Beside himself and Brod
none of them escaped to report of it.

The same woman, westwards to Meadhbh,
spoke a message that was not long:
“Conchobhar has slain thy son.
Evil the hour when he went to the war with him.”

Meadhbh went forth from the west to war
with seven hundred men with weapons.
They warred face to face
on the plains of Ulster against Conchobhar.

Meadhbh slew there on the plain
seven men in the manner of war
with her own hand, better than any hero,
including the two sons of Conchobhar.

Thereafter Meadhbh was defeated westwards,
so that it was damage to her possessions;
whilst she left behind; so was it
seven times twenty bold warriors with valour.

Soit iarum frisin dún
Ulaíd uallaig erctais múr,

airgit aní ro bóí and
co n-ilur tuarad tetband.

Doringsetar cath co crú
munter Geirg thall fri Ultu,
comma-commarb dóib uile
eter rí is rígruire.

Ro marbsat and, amra fir,
secht Find, secht n-Duib, secht Temin,

im na ócu erctais dind,
im tríchait Fergus forind.

Tricha Murethach miad mend

congabtaís catha co cend,
tricha Failbe, tricha Fland,
im tríchait nóisig n-Domnall.

Tricha Cobthach, tricha Cond,
im tríchait Corpre comdond
tricha Dubthach, tricha Ros
im tríchait n-alaind n-Oéngos.

Soir iaramh leis an dún,
Ulaídh uallacha, (a) d'éirigh *thar*
múr,
airgead a' ní a bhí ann,
go n-iolar mochta molfach.

Rinneadar cath go cró,
muintir Gheirg thall le hUltaigh,
go mba comh-mharbh dóibh uile,
idir rí is rígruire.

Maraíodh iad ann - amhra fir,
seacht bhFionn seacht nDuibh seacht
Teimhin (.i. *dath dorch*),
um na hóga a chuaigh don dionn,
tríochaid thit um Fheargus forfhionn.

Tríocha Muireadhach miadh
cumhachtach,
a chuir cath go ceann,
tríocha Failbhe, tríocha Flann,
um tríochaid suaitheanta Domhnall.

Tríocha Cobhthach tríocha Conn,
um thríochaid Chairbre comhdhonn,
tríocha Dubhthach, tríocha Ros,
um thríochaid n-álainn Aonghas.

They went thereupon to the burg;
the proud men of Ulster, they filled the walls,

they laid waste whatever was therein
with a crowd of [mighty deeds, and with provisions]
(*meaning unclear*)."

They fought a fight with blood,
the people of Conchobhar there against the Ulster men,
so that they all killed each other,
king and kingly lord.

There died—noble were the men—
seven fair haired, seven dark haired, seven black
haired.
Of the men who filled the fort
there fell thirty fair *men called* Fearghus.

Thirty nobles named Muireadhach

who held out to the end of the war,
thirty Failbhe, thirty Flann,
a noble thirty named Domhnall.

Thirty Cobhthach, thirty Conn,
thirty—all dark men—named Cairbre,
thirty Dubhthach, thirty Ros,
a fair thirty named Aonghas.

O shain immach imalle
do lonnaib láth is gaile [*read láthis gaile?*]
ní fil ro fiter a n-díl,

ro bátar uile i n-dimbríg.

Insin uile, adbal gáir
la toirm teglaig co tromgráin,

imma ruirig róinis cath
ind úair sin dorochratar.

Remscél do Tháin bó Cualnge cain [*one
syllable too many*]
bid forbach dond imgail, [*read imargail and
maybe formach?*]
is dond aslingi atá
bás Mani móir maic Medba.

Mora gluind ro batar de,
cid uathmar in t-aslinge,
dorochair Gerg cona shluág,
in ruri garta comruád.

Ó shin amach maille,
do loinn láth is gaile,
níl *neach* a bhfuil a ndíol *ar eolas
aige*,
bhíodar uile in éagruas.

Ansin *d'ardaigh* uile gáir ábhal,
le toirm teaghlaigh go tromghráin,

um a ruireacha (a) rinne cath,
an uair sin a thorchraíodar.

Réamhscéal do Tháin Bó Cuailnge
caoin,
is méadú don iorghal,
is don aisling atá
bás Maine Mhóir mhic Mheadhbha.

Móra gloinn a bhí de,
cé *gurb* uafar an t-aisling,
thorchair Gerg gona shlua,
an ruire garta comhrua.

Thenceforward altogether
of the eager men of hero strength and valour
there is no one that knows the end,

they were all in weakness.

All these—mighty was the clamour
through the shrieks of the followers with heavy
terror—
round their lords who fought the fight
they in that hour are fallen.

A prelude to the fair *Táin Bó Cuailnge*,
it will be for an enlargement of the combat,
and from the vision originates
the death of Great Maine, the son of Meadhbh.

Great the deeds that therefrom arise
though the vision was terrifying;
Gerg fell with his host,
the lusty lord of hospitality.

Dochuaid Conchobar co m-buáid
mac Nessa nóitis morshluaig,

do Emain Mache, monar n-gle,
co tarfad [*read* tárfaid?] a aslinge.

Finit.

Chuaigh Conchobhar go mbua,
mac Neasa *a onóraíodh le*
mórshluaite,
do Eamhain Macha, monar glé,
go sin *foilsíodh* a aisling.

Finit.

Conchobhar came with victory,
the son of Neasa, whom great hosts honoured,

to Eamhain Macha—a glorious deed:
so that the vision has revealed itself.

Finit.